making magic happen
cruthú na draíochta

Annual Report 2010
Tuarascáil Bhliantúil 2010

National Lottery

Contents
Ábhar

Review of the Year
Athbhreithniú ar an mBliain

Chairman's Statement 10
Ráiteas an Chathaoirligh

Review of Operations 14
Athbhreithniú Oibríochta

Governance
Rialachas

Board of Directors 32
An Bord Stiúrtha

Management Team 34
An Bhainistíocht

Finance
Airgeadas

Index to the Financial Statements 35
Innéacs do na Ráitis Airgeadais

Report of the Directors 36
Tuarascáil na Stiúrthóirí

Statement of Directors' Responsibilities 45
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Report of the Independent Auditor 46
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

Accounting Policies 48
Polasaithe Cuntasaíochta

Profit and Loss Account 50
Cuntas Brabúis agus Caillteanais

Balance Sheet 51
Clár Comhardaithe

Cash Flow Statement 52
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Notes to the Financial Statements 53
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Front Cover
Trevor Cawley, and his wife Caroline, from Sligo celebrate their €1,000,000 win when their horse, Invincible Ash, won the inaugural National Lottery Sweepstakes Race on the Curragh in Kildare in June 2010.

Clúdach Tosaigh
Trevor Cawley, agus a bhean, Caroline, as Sligeach agus a mbua de €1,000,000 á cheiliúradh acu nuair a bhuaigh a gcapall, Invincible Ash, Rás tosaigh National Lottery Sweepstakes ar an gCurrach i gCill Dara mí an Mheithimh 2010.

Our Vision
To provide exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone. As a result, we aim to be the best-known brand in Ireland.

Our Mission
To operate a world-class lottery for the people of Ireland, raising funds for good causes, on behalf of Government.

Our Values
- **Integrity**
  We are fair and honest in everything we do and operate to the highest professional standards in all our activities.
- **Innovation**
  We manage our business in a dynamic and progressive way that best meets the challenges of an ever-changing society.
- **Teamwork**
  We work together as a team in which everyone supports and encourages each other.

Ár bhFís
Cluichí crannchuir spreagúla agus mealltacha a chur ar fáil, a thugann spraoi agus caitheamh aimsire do chách. Mar thoradh air sin, is mian linn bheith ar an mbranda is fearr aithne in Éirinn.

Ár Misean
Crannchur ar chaighdeán domhanda a reáchtáil do mhuintir na hÉireann, cistí a ghnóthú do dhea-chúiseanna, thar ceann an Rialtais.

Ár Luachanna
- **Ionracas**
  Bímid cóir agus cothrom inár gcuid oibre uile agus feidhmímid de réir na gcaighdeán is airde inár gcuid gníomhaíochtaí.
- **Nuálaíocht**
  Bainistímid ár ngnó ar bhealach dinimiciúil agus forásach is fearr a fhreagraíonn do dhúshláin shochaí atá ag síor-athrú.
- **Obair Bhuíne**
  Oibrímid le chéile mar fhoireann ina dtacaíonn agus ina spreagann daoine a chéile.

We provide world-class, exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone.

By harnessing our energy and dedication, we can make a real difference to good causes and families all over Ireland, while generating long-term growth for our business.

The more successful we are at generating returns from our games, the more funds we will be able to raise for good causes which will, in turn, change more peoples' lives.

In the next few pages we look at how we work and share some of the stories that show our business in action.

Soláthraímid cluichí Lotto de chaighdeán domhanda a bhíonn corraitheach agus mealltach agus a chuireann spraoi agus caitheamh aimsire ar fáil do chách.

Trí leas a bhaint as ár bhfuinneamh is ár dtiomantas tig linn an domhan difríochta a dhéanamh do dhea-chúiseanna is do theaghlaigh ar fud na hÉireann agus fás fadtéarma a chothú inár ngnó.

Dá mhéid a éiríonn linn torthaí a fháil ar ár gcluichí is ea is mó a bheidh na cistí do dhea-chúiseanna, rud a athróidh an saol chun maitheasa i gcás an-chuid daoine.

Sna leathanaigh romhainn amach, breathnóimid ar an dóigh ina n oibrímid agus roinnfimid oraibh cuid de na scéalta a léiríonn ár ngnó faoi lán seol.

We focus on ***creating exciting games*** and promoting them imaginatively to ensure our business is successful.

Dírímid ar ***chluichí spreagúla a cheapadh*** is a chur chun cinn go samhlaíoch le cinntiú go mbeidh rath ar ár ngnó.

Play the Game

Winning Streak, our longest running Scratch Card game and TV Gameshow, celebrated its 20th anniversary in 2010.

Since it was first broadcast in 1990, over €120 million in prizes of cash, cars and holidays have been given away to thousands of players.

In 2010, 240 players on Winning Streak shared prizes worth €9.9 million, including 77 holidays and 43 cars.

Imir an Cluiche

Ceiliúradh 20 bliain de Winning Streak, ár gcluiche Scríobchárta is ár Seochluiche Teilifíse is faide ar an saol i 2010.

Ó chéad-chraoladh é i 1990 roinneadh luach €120 milliún de dhuaiseanna ar na mílte iomaitheoir i bhfoirm airgid, gluaisteán agus saoire.

I 2010, roinneadh duaiseanna dar luach €9.9 milliún ar bhuaiteoirí Winning Streak ar 240 iomaitheoir - 77 saoire agus 43 gluaisteán san áireamh.

We organise our business around our players, while working in partnership with ***our agent network*** around the country.

Eagraímid ár ngnó mórthimpeall ár n imreoirí agus sinn ag obair i gcomhpháirtíocht lenár ***líonra de ghníomhairí*** timpeall na tíre.

Partnership Works

Joe Sweeney (above) of Centre Point Stores in Donaghmede Shopping Centre, Dublin 13 is part of the National Lottery's 3,813-strong Retail Agent Network which shared over €48 million in commission from National Lottery ticket sales in 2010.

National Lottery Retail Agents served National Lottery players unstintingly throughout the year, and played an important role in helping the National Lottery raise over €243 million in 2010 for good causes.

Bíonn Toradh ar Chomhpháirtíocht

Tá Joe Sweeney (thuas) ó Centre Point Stores i Siopalann Dhomhnach Míde, Baile Átha Cliath 13 mar dhuine den 3,813 gníomhaire inár líonra miondíola ar roinneadh os cionn €48 milliún orthu i bhfoirm choimisiúin ón gCrannchur Náisiúnta i 2010.

D'fhreastail Gníomhairí Miondíola an Chrannchuir Náisiúnta gan stad, gan staonadh ar imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta le linn na bliana agus bhí ról tábhachtach acu i gcuidiú leis an gCrannchur Náisiúnta os cionn €243 milliún a bhailiú do dhea-chúiseanna i 2010.

We run our operations efficiently with ***integrity and transparency***. Our dedicated staff help our business run smoothly.

Riaraimid ár gcuid oibríochtaí ***go hionraic agus go trédhearcach***. Cabhraíonn ár bhfoireann thiomanta le feidhmiú réidh ár ngnó.

Working Together as a Team

National Lottery staff are committed to operating to the highest possible standards.

In 2010, accreditation to ISO 9001 and ISO 27001 was maintained through the operation of a Quality Management System and an Information Security Management System. Last year, the National Lottery also achieved certification to the ISO 14001 Environmental Management System Standard.

Ag Obair le Chéile Mar Fhoireann

Tá foireann an Chrannchuir Náisiúnta tiomanta do bheith ag feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde.

I 2010 coimeádadh creidiúnú do ISO 9001 agus ISO 27001trí Chóras um Chaighdeán Bainistíochta agus Córas um Chaighdeán Rialú Slándála Faisnéise a chur i bhfeidhm. Anuraidh chomh maith, bhain an Crannchur Náisiúnta amach creidiúnú freisin do ISO 14001, Caighdean Chóras Bhainistiú na Timpeallachta.

Through our players' contribution, we are proud of the fact that in 2010, we generated over ***€243 million for good causes***.

On behalf of all the groups who received funding from the National Lottery Beneficiary Fund, we thank all our players for ***making magic happen***.

A bhuíochas do rannpháirtíocht ár n imreoirí, is ábhar bróid dúinn gur ghineamar ***€243 milliún do dhea-chúiseanna*** le linn 2010.

Thar ceann na ngrúpaí uile a fuair maoiniú ó Chiste Thairbhithe an Chrannchuir Náisiúnta gabhaimid buíochas lenár n imreoirí ***as draíocht a chruthú***.

Going for Gold

Assisted by National Lottery funding, the Oliver Murphy Sports and Recreation Centre in Clontarf, Dublin 3 now has a dual use gym, restaurant, therapy rooms, offices and changing areas.

This Sports Centre is the national headquarters for the Irish Wheelchair Association – Sport which develops and promotes opportunities for people with physical disabilities to participate in sport at a level of their choice.

Ar Thóir an Bhua

Tá giomnáisiam dé-úsáide, bialann, seomraí teiripe, oifigí agus seomraí gléasta anois ag Ionad Spóirt agus Fóillíochta Oliver Murphy i gCluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3, de bharr maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta.

Tá an tIonad Spóirt seo mar cheanncheathrú náisiúnta ag an Irish Wheelchair Association. Cothaíonn an spórt deiseanna do dhaoine le míchumas fisiceach chun bheith páirteach i gcúrsaí spóirt ar leibhéal a roghnaíonn siad féin.

Chairman's Statement
Ráiteas an Chathaoirligh

I am very pleased to report that the National Lottery delivered another good performance in 2010. Notwithstanding the difficulties faced by the Irish economy, we successfully raised a further €243.7 million for distribution by the Government to good causes throughout Ireland.

Is áthas liom a thuairisciú gur fheidhmigh an Crannchur Náisiúnta go maith athuair i 2010. In ainneoin na ndeacrachtaí a bhí sa mhullach ar gheilleagar na hÉireann, d'éirigh linn €243.7 milliún eile a bhailiú le dáileadh ag an Rialtas ar dhea-chúiseanna ar fud na hÉireann.

Sales
Díolachán
€772m

Prizes
Duaiseanna
€419.9m

Costs
Costais
€108.4m

Funds for good causes
Maoiniú do Dhea-chúiseanna
€243.7m

The amount raised in 2010 brought the total funds raised since the launch of the National Lottery to over €3.6 billion, with more than €1 billion of that sum raised in the last four years.

2010 was also an excellent year for players as they shared €419.9 million or 54.4% of total sales in prizes, up from 53.8% in the previous year.

Performance

The experience of lotteries internationally is that as recessionary conditions prevail there is a negative impact on sales. In Ireland, overall turnover in 2010 was down just over 5% in a difficult retail environment. Total sales were €772.0 million compared to €815.1 million in 2009.

Lotto related draw games continued to be the main product category accounting for €430.6 million or 55.8% of sales in 2010. Within this category, Lotto sales were €322.2 million, Lotto Plus sales were €94.3 million and Lotto 5-4-3-2-1 sales increased by 26.0% to €14.1 million.

EuroMillions generated sales of €98.6 million, while the associated EuroMillions Plus game, which is exclusive to Ireland, achieved sales of €33.2 million.

Throughout the year we continued to expand the range of Scratch Card games available. However, sales were affected by the general decline in footfall in retail stores during 2010 and were consequently down to €153.2 million from €163.8 million in the previous year.

Agus an tsuim a bailíodh i 2010 tugtha san áireamh, tá os cionn €3.6 billiún bailithe ag an gCrannchur Náisiúnta ó bunaíodh é agus le linn na gceithre bliana seo caite a bhailíodh níos mó ná €1 billiún de.

Ba shár-bhliain í 2010 d'imreoirí chomh maith agus roinneadh €419.9 milliún nó 54.4% den díolachán iomlán orthu mar dhuaiseanna. Méadú é seo ó 53.8% sa bhliain roimhe sin.

Feidhmíocht

Tá sé mar thaithí ag crannchuir go hidirnáisiúnta go mbíonn éifeacht dhiúltach ar dhíolachán nuair a bhíonn cúlú eacnamaíochta ann. In Éirinn bhí titim de bheagán thar 5% i 2010 ar an láimhdeachas agus an timpeallacht miondíola deacair. Bhí díolachán iomlán de €772.0 milliún ann i gcomparáid le €815.1 milliún i 2009.

Ba chluichí bainteach le Lotto an príomh-chineál táirge agus b'ionann iad is €430.6 milliún nó 55.8% den díolachán i 2010. Taobh istigh den chatagóir seo bhí díolachán de €322.2 milliún ar Lotto, díolachán de €94.3 milliún ar Lotto Plus agus bhí méadú 26.0% ar dhíolachán Lotto 5 4-3-2-1 go dtí €14.1 milliún.

Ghin díolachán ar EuroMillions €98.6 milliún agus bhain an cluiche gaolmhar, EuroMillions Plus, atá eisiach d'Éirinn, amach díolachán de €33.2 milliún.

Le linn na bliana chuireamar le raon na gcluichí scríobchárta a bhfuil fáil orthu. Mar sin féin, chuir an titim ginearálta ar líon na gcustaiméirí i siopaí miondíola le linn 2010 isteach ar an díolachán agus bhí ísliú air, dá réir, ó €163.8 milliún an bhliain roimhe sin go dtí €153.2 milliún.

There was encouraging growth in TellyBingo which, with the addition of a new Thursday draw in September, achieved increased sales of €15.3 million, up 7.2%. The daily game, All or Nothing, also demonstrated strong growth and generated sales of €9.9 million in its first full year.

Total sales of the Monday Million draw game were €20.6 million, with the launch of Monday Million Plus in May generating sales of €3.7 million of this amount.

In 2010, we built on the now well established limited edition raffle game format. First introduced in 2008 with one raffle draw, there were four raffle draws in 2009 as players responded well to the limited edition concept. During the year under review, we had two further millionaire raffles, to coincide with Easter and Christmas. We also introduced the new National Lottery Sweepstakes game giving raffle a new dimension. Together, the three raffle-based games generated sales of €10.6 million in 2010.

Through the ongoing expansion and innovation of its game portfolio, the National Lottery continues to raise excitement levels for players and generate funds for good causes. During 2010, we had a number of significant new game developments. In addition to Sweepstakes, these included the launch of Monday Million Plus and the addition of an extra draw day for TellyBingo.

During the year a total of over 36 million winners shared numerous prizes and promotions across the game portfolio. We had 25 Lotto Jackpot wins, up from 22 in 2009, including two of over €16 million, while in the EuroMillions game, players participated with great excitement in our two €100 million guaranteed superdraws.

Operations

A continued focus on cost management throughout 2010 resulted in a reduction in total operating expenses from €113.3 million in 2009 to €108.4 million.

Administrative costs, at €19.4 million, were down from €19.7 million in the previous year and accounted for 2.5% of sales, while variable costs of sales, including agents' commission at €48.1 million, were €86.2 million, down from €90.6 million in 2009.

Bhí fás spreagúil faoi TellyBingo, agus le crannchur úr an Déardaoin curtha leis ó mhí Mheán Fómhair, bhain sé amach díolachán de €15.3 milliún, ardú de 7.2%. Léiríodh fás láidir freisin faoin gcluiche laethúil, All or Nothing, agus ghin sé díolachán de €9.9 milliún le linn chéad bhliain iomlán a shaolré.

Bhí díolachán de €20.6 milliún ar an gcluiche crannchuir, Monday Million. Ghin díolachán Monday Millions Plus, a seoladh mí Bealtaine, €3.7 milliún den tsuim seo.

I 2010, thógamar ar fhormáid seanbhunaithe an chluiche crannchuir le rannpháirtíocht teoranta. Tosaíodh air i 2008 le crannchur amháin. Thaitin coincheap na rannpháirtíochta teoranta le himreoirí agus bhí ceithre chrannchur ann le linn 2009. Le linn na bliana atá faoi chaibidil bhí dhá chrannchur milliúnaí eile againn, um Cháisc is um Nollaig. Thairis sin, thugamar isteach cluiche National Lottery Sweepstakes, rud a thug diminsean nua don chrannchur. I bhfochair a chéile, ghin na trí chluiche crannchuir seo díolachán de €10.6 milliún i 2010.

Tríd a phunann cluichí a fhorbairt is a nuáil, leanann an Crannchur Náisiúnta de bheith ag cothú carabuaice i measc na n imreoirí agus de bheith ag giniúint ciste airgid do dhea-chúiseanna. Le linn 2010 bhí forás suntasach ar chluichí nua. De bhreis ar an Sweepstakes, áirítear orthusan seoladh Monday Million Plus agus lá breise crannchuir do TellyBingo.

Le linn na bliana roinneadh duaiseanna agus promóisin iomadúla thar an phunann cluichí ar bhreis is 36 milliún buaiteoir. Buadh Pota Óir an Lotto 25 uaire – ardú ó 22 bua i 2009 – agus ina measc dhá bhua de bhreis is €16 milliún. Ag an am céanna, ghlac imreoirí sceitimíneacha páirt sa dá ollchrannchur ina raibh €100 milliún geallta.

Oibríochtaí

Díríodh ar bhainistiú costais le linn 2010 ar fad agus bhí mar thoradh air seo gur laghdaíodh na costais oibríochta ó €113.3 milliún i 2009 go dtí €108.4 milliún.

Laghdaíodh na costais riaracháin ó €19.7 milliún sa bhliain roimhe sin go dtí €19.4 milliún. B'ionann iad agus 2.5% den díolachán. €86.2 milliún a bhí ar chostais athraitheacha, €48.1 milliún ar choimisiún na ngníomhairí san áireamh, titim ó €90.6 milliún i 2009.

As part of the National Lottery's retail development policy, we increased our number of retail agents to 3,813, a net increase of 19 locations compared to the previous year. We continued to improve player support across the network with self-service ticket checkers now installed in 89% of all agents.

Throughout the year, the management team and employees worked extremely hard to overcome many business challenges and deliver a strong performance. I would like to thank them all for their efforts, professionalism and commitment.

As chairman, I received much valued support and advice from the National Lottery Board throughout 2010. During the year, Niamh McGowan retired from the Board and I would like to thank her for her contribution over the past 12 years. I am also pleased to welcome Caroline Murphy to the Board.

During the year, the continued support of our shareholders, the Minister for Finance and An Post, was invaluable in our efforts to operate and develop the business.

Whilst the future retail environment in Ireland continues to be uncertain, we believe the ongoing focus on game innovation demonstrated by the National Lottery, together with its commitment to delivering cost efficiencies, will achieve further success in 2011.

I am confident that our strong commitment to the vision, mission and values of the National Lottery will ensure that we continue to raise much needed funds for good causes throughout the country and play an ongoing role in enhancing community life in Ireland.

Mar chuid de pholasaí forbartha miondíola An Chrannchuir Náisiúnta, mhéadaíomar líon na ngníomhairí miondíola go dtí 3,813, ardú glan de 19 ionad i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Leanamar de bheith ag cothú thacaíocht na n imreoirí trí mheaisíní seiceála féinseirbhíse a chur isteach i 89% de na hasraonta.

Le linn na bliana d'oibrigh an fhoireann bainistíochta agus na fostaithe go dian dícheallach chun dúshláin ghnó iomadúla a shárú agus ardleibhéal feidhmíochta a bhaint amach. Ba dheas liom buíochas a ghabháil leo uile as a n iarrachtaí, a ngairmiúlacht agus a dtiomantas.

Mar chathaoirleach, fuair mé an-chuid tacaíochta agus comhairle ó Bhord an Chrannchuir Náisiúnta le linn 2010. D'éirigh Niamh McGowan as an mbord le linn na bliana agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil léi as an méid a rinne sí le 12 bhliain anuas. Is áthas liom chomh maith fáiltiú roimh Caroline Murphy ar an mBord.

Le linn na bliana, bhí tacaíocht leanúnach ár scairshealbhóirí, an tAire Airgeadais agus An Post, fíorluachmhar agus sinn i mbun ár gcuid iarrachtaí chun an gnó a rith is a fhorbairt.

Siúd is go leanann cúinsí miondíola in Éirinn de bheith éiginnte creidimid go mbeidh rath orainn i 2011 ach leanúint de bheith ag díriú ar nuálaíocht cluichíochta, mar atá léirithe ag an gCrannchur Náisiúnta, anuas ar a thiomantas chun costais a chiorrú.

Táim deimhin de go gcinnteoidh ár dtiomantas daingean d'fhís, do mhisean agus do luachanna an Chrannchuir Náisiúnta go n éireoidh linn leanúint de bheith ag gnóthú cistí airgid, a bhfuil géarghá leo, do dhea chúiseanna ar fud na tíre agus go leanfaimid lenár ról leanúnach chun saol an phobail in Éirinn a fheabhsú.

Donal Connell
Chairman, 22 February, 2011
Cathaoirleach, 22 Feabhra, 2011

Review of Operations
Athbhreithniú Oibríochta

With sales of €772.0 million and €243.7 million raised for good causes, we delivered another robust performance in 2010. Since 1987, the National Lottery has raised over €3.6 billion for distribution by the Government to good causes throughout Ireland. In the last four years alone, we have generated over €1 billion of that total due to our strong operating performance.

D'fheidhmíomar go láidir arís i 2010 agus díolachán de €772.0 milliún bainte amach againn agus €243.7 milliún bailithe do dhea-chúiseanna. Ó 1987 i leith tá an Crannchur Náisiúnta tar éis €3.6 billiún a bhailiú le dáileadh ag an Rialtas ar dhea-chúiseanna ar fud na hÉireann. Le ceithre bliana anuas amháin, ghineamar os cionn €1 billiún den tsuim sin de bharr ár bhfeidhmíocht stóinsithe oibriúcháin.

HIGHLIGHTS OF THE YEAR
BUAICPHOINNTÍ NA BLIANA

€419.9m

in winnings was shared by over 2.2 million players across 12 different National Lottery game categories in 2010.

a buadh agus a roinneadh ar bhreis is 2.2 milliún imreoir thar 12 catagóirí éagsúla cluichí de chuid an Chrannchuir Náisiúnta i 2010.

€3.6bn

is the amount raised for good causes by the National Lottery since 1987.

an tsuim a ghnóthaigh an Crannchur Náisiúnta do dhea-chúiseanna ó 1987 i leith.

In 2010, we faced challenges presented by the ongoing recession, changes in consumers' shopping habits and the effect of the unexpectedly bad weather conditions particularly around the traditionally busy Christmas shopping season.

Players

Player participation rate remained high with almost two thirds of all adults playing National Lottery games on a regular basis.

Our 2.2 million players shared winnings of €419.9 million across our exciting portfolio of 12 different game categories during 2010. On average, the National Lottery paid out over €1 million every day of the year in tax free winnings to our players.

It was an excellent year for players as the number of jackpot wins was above statistical expectations. In addition to the many large jackpot wins, 897 players won prizes over €10,000.

During the year, we continued our strategy of offering attractive game choices to our players and introduced a number of innovative game developments. These included the launch of Monday Million Plus, the limited edition National Lottery Sweepstakes game and the extension of TellyBingo to three draws per week.

As part of our brand building strategy, a new masterbrand TV advertisement, filmed in Dublin, went on air in August. This attractive advertisement involved hundreds of people in a contemporary Irish setting and brought the '*making magic happen*' theme to life as a magical rainbow was created. Its uplifting soundtrack, the Elvis Presley song '*Pocketful of Rainbows*,' has become extremely popular with our players.

I 2010 chaitheamar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin de dheasca an chúlú leanúnach eacnamaíochta, athruithe ar nósanna siopadóireachta ár gcustaiméirí agus an éifeacht a bhí ag an drochaimsir a tháinig gan choinne le linn tréimhse gnóthach siopadóireachta na Nollag.

Imreoirí

Lean an ráta rannpháirtíochta de bheith ard agus d'imir nach mór dhá thrian d'aosaigh uile na tíre cluichí an Chrannchuir Náisiúnta ar bhonn rialta.

Roinneadh €419.9 milliún de dhuaischiste ar ár 2.2 milliún imreoir inár bpunann spreagúil de 12 catagóir cluichí le linn 2010. Mar mheán, d'íoc an Crannchur Náisiúnta os cionn €1 milliún gach lá le linn na bliana mar dhuaiseanna saor-ó-cháin lenár n imreoirí.

Sár bhliain a bhí ann d'imreoirí toisc go raibh líon na bpotaí óir a buadh thar mar a bheifí ag súil leis go staitistiúil. Anuas ar an líon mór potaí óir a buadh, bhain 897 imreoirí duaiseanna ar mhó iad ná €10,000.

Le linn na bliana leanamar d'ár straitéis de bheith ag soláthar roghanna mealltacha cluichí d'ár n imreoirí agus thugamar isteach roinnt forbairtí cluichíochta nuálaíocha. Orthusan bhí seoladh Monday Million Plus, cluiche National Lottery Sweepstakes le rannpháirtíocht theoranta agus leathnú TellyBingo go dtí trí chrannchur sa tseachtain.

Mar chuid d'ár straitéis chun branda a fhorbairt, cuireadh ár bhfógra nua máistir-bhranda, a scannánaíodh i mBaile Átha Cliath, ar an aer mí Lúnasa. Bhí na céadta daoine páirteach i dtimpeallacht chomhaimseartha Éireannach agus tagann an téama '*déantar draíocht*' chun beochta nuair a cruthaítear bogha ceatha draíochta. Tá an-tóir ag ár n imreoirí ar an bhfuaimrian meanmnach, an t amhrán '*Pocketful of Rainbows*', le Elvis Presley.

making magic happen...

...for Arts, Culture, National Heritage

rudaí draíochtúla á ndéanamh...

...do na hEalaíona, don Chultúr is don Oidhreacht Náisiúnta

Celebrating it's 40th anniversary, the **National Youth Orchestra of Ireland (NYOI)** aims to give its members access to the best possible training and performance experience. Through this, it enhances the lives of young people, enriches cultural life in Ireland through live performances and broadcasts, and cultivates cultural excellence and creativity at home and abroad.

The National Youth Orchestra of Ireland is now annually funded by the National Lottery through the Department of Education and Science and the Arts Council.

Agus a 40ú breithlá á cheiliúradh aici, féachann **Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann** le deis a thabhairt dá cuid ball teacht ar an oiliúint agus an taithí seanma is fearr dá bhfuil teacht air. Ar an dóigh seo, feabhsaíonn sí an saol do dhaoine óga, saibhríonn sí saol cultúrtha na hÉireann trí sheinm beo agus trí chraolta, agus cothaíonn sí ardchaighdeáin feabhais agus cruthaíochta sa bhaile agus i gcéin.

Faigheann Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann maoiniú bliantúil ón gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Chomhairle Ealaíon.

Lotto

Lotto related games continue to be a flagship product for the National Lottery accounting for 55.8% of overall sales.

During 2010, Lotto sales were €322.2 million compared to €336.0 million in the previous year.

Players won a total of €161.1 million in Lotto prizes, with great interest and excitement around the two big jackpot wins of the year. Overall, there were 25 Lotto jackpot wins during 2010 creating 23 new individual Lotto millionaires. There were also 172 winners of the Match 5 plus Bonus number prizes.

Throughout the year, the ever popular Lotto game continued to excite players and was further enhanced with a series of special promotions.

€2 million was added to the jackpot in mid-January, leading to a jackpot of €7,457,357 which was collected by Michelle Ryan from Fardrum, Athlone, Co. Westmeath, getting her year off to the perfect start.

For St. Patrick's weekend a further €2 million was added to celebrate National Lottery Skyfest, while a similar amount was added for the Easter weekend jackpot.

In April, the biggest jackpot of the year, and the second largest ever in the history of the Lotto Game, was €16,717,717 million won in Dungarvan, Co. Waterford. We had a special prize promotion for the May Bank Holiday weekend with €2 million added to the jackpot for the Saturday night Lotto draw.

Lotto

Leanann na cluichí, a bhaineann le Lotto, de bheith ina chrann seoil i measc tháirgí an Chrannchuir Náisiúnta. Is ionann iad agus 55.8% den díolachán iomlán.

Le linn 2010 bhí díolachán de €322.2 milliún ar Lotto le hais €336.0 milliún an bhliain roimhe sin.

Bhuaigh imreoirí iomlán de €161.1 milliún de dhuaiseanna Lotto agus bhí an-spéis agus sceitimíní ag baint leis an dá phota móra óir a buadh le linn na bliana. Ina iomláine, buadh 25 pota óir Lotto le linn 2010 agus rinneadh milliúnaithe de 23 duine. Anuas air sin, bhuaigh 172 duine duaiseanna Match 5 móide duaiseanna uimhreacha bónais.

Le linn na bliana d'éirigh leis an gcluiche mór-thóir Lotto leanúint de bheith ag cur sceitimíní ar imreoirí agus feabhsaíodh é le sraith de phomóisin speisialta.

Cuireadh €2 milliún leis an bpota óir i lár Eanáir, rud a chruthaigh pota óir de €7,457,357, a bhuaigh Michelle Ryan ó Fhardroim, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Tús den scoth lena bliain!

Cuireadh €2 milliún eile leis deireadh seachtaine na Féile Pádraig chun Skyfest an Chrannchuir Náisiúnta a cheiliúradh agus cuireadh an tsuim chéanna leis do phota óir na Cásca.

Mí Aibreáin, buadh an pota óir ba mhó le linn na bliana, agus an dara ceann ba mhó i stair an Chluiche Lotto – €16,717,717 milliún – i nDún Garbhán, Co. Phort Láirge. Bhí promóisean duaise ar leith againn do dheireadh seachtaine Shaorlá Bainc na Bealtaine agus cuireadh €2 milliún leis an bpota óir do chrannchur Lotto an tSathairn.

In August, we launched our new style Lotto advertising campaign. Based on the concept '*What would you do for a few million euro*,' it shows characters in a number of humorous situations illustrating the lengths they would go to gain a Lotto jackpot amount.

During September and October, we witnessed the longest Lotto rollover of the year in the build up to the €16,390,239 Lotto jackpot win collected on 27 October by the owner of a ticket bought in Donnybrook Fair, Dublin.

Given that Christmas Day fell on a Saturday in 2010, we held our Lotto draw on Christmas Eve adding €1 million to the jackpot to celebrate the festive season. The resulting €3 million jackpot win proved to be the ultimate Christmas present for a lucky Co. Cork couple who said that the real bonus coming from this win was 'not having to worry about the day-to-day stuff like the mortgage and the bills'.

Lotto Plus

Lotto Plus sales were €94.3 million compared to €97.5 million in the previous year. Players shared €45.0 million in prizes, with 25 winners of the €350,000 Lotto Plus 1 top prize and a further 25 winners of the €250,000 Lotto Plus 2 top prize. This total of 50 top prize winners represented a significant increase on the previous year when we had 44 top prize winners in Lotto Plus. More Lotto players than ever now play Lotto Plus as well, with nearly 90% of players playing both games.

Mí Lúnasa, sheolamar ár bhfeachtas nua-stíle fógraíochta do Lotto. Bunaithe ar an gcoincheap '*Cad a dhéanfá chun roinnt milliún euro a fháil*', léiríonn sé carachtair faoi chúinsí greannmhara éagsúla agus na cleasa a tharraingíonn siad chucu féin chun pota óir Lotto a fháil.

Le linn mí Mheán Fómhair is mí Dheireadh Fómhair, chonaiceamar an tar rolladh Lotto ba fhaide le linn na bliana roimh bhua an phota óir de €16,390,239 a bhailigh úinéir thicéid a ceannaíodh i Donnybrook Fair, Baile Átha Cliath ar 27 Deireadh Fómhair.

Ag cur san áireamh go raibh Lá Nollag ann Dé Sathairn i 2010 bhí ár gcrannchur Lotto againn Oíche Nollag agus chuireamar €1 milliún leis an bpota óir chun an fhéile a cheiliúradh. Bhí bua an phota óir de €3 milliún, a bhí mar thoradh air seo, ina fhéirín Nollag den scoth ag lánúin ádhúil ó Chontae Chorcaí a dúirt gurbh é an fíor-bhónas a d'eascair as an mbua ná 'gan a bheith buartha feasta faoi chúramaí laethúla mar an morgáiste agus na billí'.

Lotto Plus

Bhí díolachán de €94.3 milliún ar Lotto Plus i gcomparáid le €97.5 milliún an bhliain roimhe sin. Roinneadh luach €45.0 milliún de dhuaiseanna ar imreoirí, bhain 25 buaiteoir an bharr-dhuais Lotto Plus 1 de €350,000 agus bhain 25 buaiteoir eile an bharr-dhuais de €250,000 i Lotto Plus 2. Méadú é an t iomlán seo de 50 buaiteoirí barr-duaise i Lotto Plus ar an 44 buaiteoir barr-duaise an bhliain roimhe sin. Imríonn níos mó imreoirí Lotto ná riamh Lotto Plus agus imríonn beagnach 90% de na himreoirí an dá chluiche.

making magic happen...

...for the Irish Language

rudaí draíochtúla á ndéanamh...

...don Ghaeilge

An Taibhdhearc is the National Irish Theatre and stages plays through Irish with a view to enhancing and expanding the use of the Irish language.

Set up by Micheal Mac Liammoir and Hilton Edwards in 1928, An Taibhdhearc has gained a reputation as an artistic centre for the promotion of the Irish language. It has been of immense importance to the city of Galway and the theatre has encouraged those with a love of Irish to use and develop their language skills further.

An Taibhdhearc receives support from the National Lottery through Ciste na Gaeilge.

Is i **an Taibhdhearc** Amharclann Náisiúnta na Gaeilge agus cuireann sí drámaí ar stáitse agus í mar aidhm aici úsáid na Gaeilge a fheabhsú is a leathnú.

Micheál Mac Liammóir agus Hilton Edwards a bhunaigh í i 1928 agus tá cáil bainte amach aici mar ionad ealaíne chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá sí an-tábhachtach do chathair na Gaillimhe agus tá an amharclann tar éis seans a thabhairt dóibhsean, a bhfuil grá acu don Ghaeilge, a scileanna teanga agus a ndeiseanna úsáide a fhorbairt.

Faigheann an Taibhdhearc tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta trí Chiste na Gaeilge.

Players had a special Valentine's treat in February when all winners of Match 5 plus Bonus number prizes also won €100,000 worth of diamonds. There were four such winners on the Lotto Plus games with tickets bought in Kilmacanogue, Co. Wicklow; Ennis, Co. Clare; Clifden, Co. Galway and Mullinahone, Co. Tipperary where the winner was a syndicate of players from Coolmore Stud.

Lotto 5-4-3-2-1

Lotto 5-4-3-2-1 grew significantly in 2010, with sales up 26.0% to a record €14.1 million from €11.2 million in the previous year, boosted by the full year effect of Lotto 5-4-3-2-1 Plus 1 and Plus 2.

The decision to extend this game to include the Plus draws in 2009, proved popular with players as they continued to show their loyalty to the game format. Prizes won amounted to €9.4 million, or 66.5% of total sales, representing a very favourable return to players.

EuroMillions

Sales of the mega jackpot EuroMillions game were €98.6 million which represented 12.8% of total sales, compared to the €105.7 million in 2009.

The percentage of EuroMillions players who also play EuroMillions Plus increased from 65% in 2009 to 67% in the course of the year. EuroMillions Plus sales were €33.2 million in 2010.

Over the last few years, the main EuroMillions game has been very popular across the nine participating countries. However, this had an impact on the regularity with which the jackpot was won throughout 2010, resulting in a lack of big jackpot rolls which in turn had an impact on the level of sales.

Bhí pléisiúr ar leith in ann d'imreoirí Lá San Vailintín mí Feabhra nuair a ghnóthaigh buaiteoirí uile Match 5 plus Bonus duais bhreise de dhiamaint dar luach €100,000. Bhí ceithre bhuaiteoir den chineál seo ann a cheannaigh ticéid i gCill Mocheanóg, Co. Chill Mhantáin; in Inis, Co. an Chláir; sa Chlochán, Co. na Gaillimhe agus i Muileann na hUamhan, Co. Thiobraid Árann, áit ar shindeacáit ó Coolmore Stud a bhí ina bhuaiteoir.

Lotto 5-4-3-2-1

Bhí fás suntasach faoi Lotto 5-4-3-2-1 i 2010 agus méadaíodh an díolachán 26.0% go dtí ard-leibhéal de €14.1 milliún i comparáid le €11.2 milliún an bhliain roimhe sin. Bhí éifeacht air seo ag bliain iomlán de Lotto 5-4-3-2-1 Plus 1 agus Plus 2

Thaitin sé le himreoirí gur glacadh an cinneadh i 2009 crannchuir Plus a chur leis an gcluiche agus lean siad de bheith ag léiriú dílseachta d'fhormáid an chluiche. Buadh luach €9.4 milliún de dhuaiseanna arbh ionann iad agus 66.5% den díolachán iomlán. Fáltas fabhrach a bhí anseo d'imreoirí.

EuroMillions

Bhí díolachán de €98.6 milliún ar chluiche EuroMillions gona phota óir ollmhór i gcomparáid le €105.7 milliún i 2009. B'ionann é seo agus 12.8% den díolachán iomlán.

Mhéadaigh an céatadán d'imreoirí EuroMillions a imríonn EuroMillions Plus chomh maith ó 65% i 2009 go dtí 67% i gcaitheamh na bliana. Bhí díolachán de €33.2 milliún ar EuroMillions Plus i 2010.

Le blianta beaga anuas, bhí an-tóir ar an bpríomh-chluiche EuroMillions sna naoi dtíortha a ghlacann páirt ann. Mar sin féin, bhí éifeacht aige seo ar cé chomh rialta is a buadh an pota óir le linn 2010, rud a d'fhág gur beag tar-rolladh mór a bhí ag an bpota óir. D'fhág an toradh seo a rian ar an leibhéal díolacháin.

There was a €100 million Superdraw in February 2010 which, after a rollover, resulted in €129 million being shared by two winning tickets, one bought in UK and the other in Spain.

Following the offer of another €100 million guaranteed prize in October, the largest single jackpot of the year of €129.8 million was won in the UK on 8 October, 2010. This was Britain's biggest ever EuroMillions winner.

A total of €67.3 million was won by Irish players on EuroMillions and EuroMillions Plus games during 2010. We had as many as 21 players who were just one lucky star number away from winning big jackpots. The highest of these Irish Match 5 plus Lucky Star win was €856,451 in April with a ticket bought in Cushens Good News, Portlaoise.

11 players won the €500,000 top EuroMillions Plus prize. We also had our first big online EuroMillions winner with €632,452 won in September by a Dublin based player.

In the course of the year, there were a number of special EuroMillions promotions including the doubling of all EuroMillions Plus prizes for two draws in April and again in June.

On average, over 37,000 players in Ireland won cash prizes in EuroMillions games each week of the year.

Bhí Ollchrannchur ar €100 milliún ann mí Feabhra 2010. Bhí de thoradh air seo gur roinneadh €129 milliún, i ndiaidh tar-rollta, ar dhá thicéad buachana, ceann acu a ceannaíodh sa RA agus an ceann eile sa Spáinn.

Agus duais eile de €100 milliún rathaithe mí Dheireadh Fómhair, buadh an pota óir ba mhó sa bhliain, €129.8 milliún, sa RA ar 8 Deireadh Fómhair, 2010. Bé seo an buaiteoir EuroMillions ba mhó riamh sa Bhreatain.

Bhuaigh imreoirí Éireannacha iomlán de €67.3 milliún ar chluichí EuroMillions agus EuroMillions Plus le linn 2010. Bhí suas le 21 imreoir againn nach raibh ach uimhir réalta ádhúil amháin gann ar cheann de na potaí óir móra a bhuachan. Bé €856,451 an duais Éireannach ba airde a bhuaigh Match 5 plus Lucky Star. B'in mí Aibreáin agus ceannaíodh an ticéad i siopa Cushens Good News, Port Laoise.

Bhuaigh 11 imreoirí barr-dhuais EuroMillions Plus de €500,000. Bhí ár gcéad mhór-bhuaiteoir EuroMillions ar líne againn mí Mheán Fómhair nuair a bhuaigh imreoir i mBaile Átha Cliath €632,452.

I gcaitheamh na bliana bhí roinnt promóisean speisialta EuroMillions ann, ina measc dúbláil dhuaiseanna EuroMillions Plus do dhá chrannchur mí Aibreáin agus arís mí an Mheithimh.

Ar an meán, bhuaigh 37,000 imreoir in Éirinn duaiseanna airgid i gcluichí EuroMillions gach seachtain le linn na bliana.

making magic happen...

...for Limerick Skyfest 2010

rudaí draíochtúla á ndéanamh...

...do Skyfest Luimnigh 2010

On Saturday 13 March, 2010, using over 1.5 tonnes of fireworks, the National Lottery's **Skyfest** spectacular lit up the skies over the magnificent King John's Castle in Limerick. This event was broadcast live to the nation on RTÉ ONE television, thanks to the National Lottery in partnership with the St. Patrick's Festival.

Over 50,000 people turned out to view the breathtaking show which was choreographed to a vibrant soundtrack. This was the third time the National Lottery took the Skyfest fireworks and musical event on tour.

Dé Sathairn, 13 Marta, 2010, agus breis is 1.5 tonna de thinte ealaíne in úsáid, gheal seó mórthaibhseach **Skyfest** an Chrannchuir Náisiúnta an spéir os cionn Chaisleán maorga an Rí Eoin i Luimneach. Craoladh an ócáid beo don náisiún ar theilifís RTÉ 1, a bhuíochas do Chrannchur Náisiúnta agus é i gcomhpháirtíocht leis an bhFéile Pádraig.

Bhí breis is 50,000 ar an láthair chun an seó seo, a bhainfeadh an anáil as duine, a fheiceáil agus é cóireagrafaithe le fuaimrian fuinniúil. Bé seo an tríú uair don Chrannchur Náisiúnta ócáid thinte ealaíne agus cheoil Skyfest a bhreith ar thuras.

Scratch Card Games

Ireland's National Lottery first launched in March 1987 with a Scratch Card game and this category has been an important pillar of our business ever since. Sales of Scratch Card games in 2010 were €153.2 million compared with €163.8 million sales in the previous year. Scratch Cards accounted for 19.8 % of overall turnover, making this product category the second largest after Lotto.

As an impulse purchase, Scratch Card sales were affected by the general reduction in footfall in retail outlets experienced in 2010. This was compounded by the bad weather conditions early in the year and again in December, together with overall changes in consumers' shopping patterns.

Throughout the year, we continued the policy of offering customers a choice of different styles of Scratch Card games for different occasions including Congratulations, Easter Money, Festive Fortune and Hampers & Roses.

We also launched a number of themed games such as Pac-Man, Treasure Ireland and Scrabble. In all, we had 38 different Scratch Card games on offer at various stages during the year, ranging in price from €1 to €10.

Players won €99.7 million in prizes including cash, cars and holidays.

Cluichí Scríobchárta

Seoladh Crannchur Náisiúnta na hÉireann mí an Mhárta 1987 le cluiche Scríobchárta agus tá an cineál seo cluiche ina stóinse tábhachtach d'ár ngnó ó shin i leith. Bhí díolachán de €153.2 milliún ar chluichí Scríobchárta i 2010 i gcomparáid le €163.8 milliún an bhliain roimhe sin. B'ionann na Scríobchártaí agus 19.8 % d'ár láimhdeachas iomlán, rud a fhágann go bhfuil an táirge seo ar an dara ceann is mó i ndiaidh Lotto.

Mar bhíogcheannach, chuir an titim ginearálta i líon na gcustaiméirí in asraonta miondíola isteach ar dhíolachán Scríobchártaí i 2010. Rinne an drochaimsir i dtús na bliana agus arís mí na Nollag, anuas ar athruithe ar nósanna siopadóireachta thomhaltóirí, an scéal níos measa fós.

Le linn na bliana, leanamar d'ár bpolasaí raon stíleanna de Scríobchártaí d'ócáidí éagsúla a thairiscint dár gcustaiméirí. Orthusan bhí Congratulations, Easter Money, Festive Fortune agus Hampers & Roses.

Anuas air sin, sheolamar roinnt cluiche le téama dála Pac-Man, Treasure Ireland agus Scrabble. Ina iomláine, bhí 38 cluiche éagsúil Scríobchárta á dtairiscint againn le linn na bliana agus praghsanna idir €1 agus €10 an ceann orthu.

Bhuaigh imreoirí luach €99.7 milliún de dhuaiseanna idir airgead, charranna agus saoire.

TV Gameshows

2010 represented a major milestone for our longest running Scratch Card game and TV Gameshow, Winning Streak, which celebrated its 20th anniversary. This gives Winning Streak a unique place in the history books as the longest running and richest European TV Gameshow ever.

Since first airing in 1990, Winning Streak has given away over €120 million in prizes with hundreds of thousands of people tuning in every Saturday evening from September to May.

To mark the anniversary, RTÉ screened a special one hour documentary looking back over the 20 years of Winning Streak's unique appeal.

During the year, 240 players on the Winning Streak TV Gameshow shared prizes to the value of €9.9 million, including 77 holidays and 43 cars. Chris O'Sullivan from Passage West, Cork was the biggest winner, collecting a prize of €318,000 on the show in April.

Our other popular TV Gameshow, Big Money Game, returned for the summer months and culminated with a fantastic trip to New York for 39 winners and their guests.

Over the 13 weeks of the show, €3 million was paid out in Big Money Game prizes, with 60 holidays and 22 cars won along with great cash prizes. The biggest winner on the TV Gameshow was Helen Walsh from Mayfield, Cork who won €310,000 in June.

Seochluichí Teilifíse

Cloch mhíle cheart ba ea 2010 dár gcluiche Scríobchárta is dár Seóchluiche Teilifíse is faide ar an saol, Winning Streak, nuair a ceiliúradh a 20ú breithlá. Tugann sé seo áit ar leith sna leabhair staire do Winning Streak mar an Seóchluiche Teilifíse is sine agus is mó airgid san Eoraip.

Ó chéad chraoladh é i 1990, tá os cionn luach €120 milliún dáilte ag Winning Streak mar dhuaiseanna agus tiúnann na céadta míle isteach chun breathnú air gach tráthnóna Sathairn ó Mheán Fómhair go Bealtaine.

Chun an ócáid a cheiliúradh chraol RTÉ clár faisnéise uair an chloig chun féachaint siar ar an mealladh ar leith a bhí ag Winning Streak le linn a shaolré de fiche bliain.

Le linn na bliana, roinneadh duaiseanna dar luach €9.9 milliún ar 240 imreoir a ghlac páirt i Seóchluiche Teilifíse Winning Streak, ina measc 77 saoire agus 43 gluaisteán. Bé Chris O'Sullivan ón bPasáiste, Co. Chorcaí, an buaiteoir ba mhó agus ghnóthaigh sé duais de €318,000 ar an seó mí Aibreáin.

D'fhill ár Seóchluiche Teilifíse móréilimh eile, Big Money Game, do mhíonna an tsamhraidh agus chríochaigh sé le turas fantaiseach chuig Nua Eabhrach do 39 buaiteoir is a n aíonna.

Thar 13 sheachtain an tseó íocadh €3 milliún mar dhuaiseanna ar Big Money Game ar a n áirítear 60 saoire, 22 gluaisteán agus duaiseanna iontacha airgid. Bí Helen Walsh ó Bhaile na mBocht, Corcaigh, a bhuaigh €310,000 mí an Mheithimh, an buaiteoir ba mhó ar an Seóchluiche Teilifíse.

making magic happen...

...for Health and Welfare

rudaí draíochtúla á ndéanamh...

...do chúrsaí Sláinte agus Leasa Sóisialaigh

Supported by the National Lottery through the Department of Health, **Order of Malta Ireland** has long been involved in community care, the transport of elderly people and home nursing as well as first aid provision ambulance service and training. Members receive full training in first aid and nursing skills up to EMT level.

Order of Malta Ireland is free to join, and its volunteers learn new skills and how to work as part of a team. It is a voluntary organisation and members can give as little or as much of their time as they can.

There is also a very active Cadet organisation which the Order uses to introduce people aged from 10 to 16 years to the practice of first aid, nursing and personal development.

Agus tacaíocht á fáil aige ón gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Sláinte, is fada **Ord Mhálta** gafa le cúram pobail, le daoine scothaosta a iompar agus le haltranas baile. Cuirtear lán-oiliúint ar bhaill i scileanna garchabhrach agus in úsáid threalamh otharchairr suas go dtí leibhéal TMÉ.

Ta Ord Mhálta oscailte do chách agus foghlaimíonn a chuid oibrithe deonacha scileanna nua agus conas feidhmiú mar chuid d'fhoireann. Eagraíocht dheonach é an tOrd agus tig lena chuid ball a laghad ama nó an oiread ama agus is mian leo a thabhairt.

Tá Aonad Daltaí anois ann, a mbaineann an tOrd leas as chun daoine óga ó aois a 10 go 16 a chur ar an eolas faoi chleachtadh teicnící oilte garchabhrach.

The Deal or No Deal Scratch Card TV Gameshow continued its run on TV3 for the early part of the year, with hundreds of thousands of people tuning in to watch players pit their wits against the infamous banker. Mary Egan from Dublin 9 won the highest prize of the season, €250,000, in January.

TellyBingo

TellyBingo continued to expand its appeal during 2010 with a 7.2% increase in sales to €15.3 million. This growth was mainly driven by the introduction of a third TellyBingo weekly draw in September. There are now three TellyBingo shows on RTÉ TV each week on Tuesdays, Thursdays and Fridays.

Players of TellyBingo enjoyed a 71.6% prize payout level winning a total of €11.0 million in 2010. Overall, there were 414 full house winners and 44 Snowball winners in 2010, the largest of which was €110,000 shared by nine winners on 21 May.

There were a number of special promotions on TellyBingo throughout the year, including the addition of €50,000 to the snowball prize in October. This led to the largest individual snowball win of €65,000 on 26 November which was won by a player from Passage West, Cork.

In addition, to celebrate the introduction of the Thursday draw, a special prize of a car worth €25,000 was added for the first outright Snowball winner. The car was won by Kathleen Hageman from Laytown, Co. Meath together with her €50,000 Snowball prize.

Lean an Seóchluiche Teilifíse Scríobchárta, Deal or No Deal, ar TV3 sa chéad chuid den bhliain agus thiúin na céadta míle duine isteach chun breathnú ar na himreoirí ag iarraidh an baincéir míchlúiteach a shárú. Bí Mary Egan ó Bhaile Átha Cliath 9 a bhain an duais ba mhó le linn an tséasúir, €250,000 mí Eanáir.

TellyBingo

Lean TellyBingo de bheith ag cur lena mhealladh le linn 2010 agus bhí méadú 7.2% ar a dhíolachán go dtí €15.3 milliún. Tabhairt isteach an tríú crannchur seachtainiúil TellyBingo mí Mheán Fómhair an phríomhchúis leis an bhforbairt seo. Bíonn trí sheó TellyBingo ar theilifís RTÉ gach seachtain anois – Dé Máirt, Déardaoin agus Dé hAoine.

Bhí leibhéal íocaíochta amach duaise de 71.6% ag imreoirí TellyBingo i 2010 agus bhuaigh siad iomlán de €11.0 milliún. Ina iomláine, bhí 414 buaiteoir tí lán agus 44 buaiteoir Snowball i 2010. Bhí €110,000 ar an gceann ba mhó agus roinneadh an duais ar naoi mbuaiteoir ar 21 Bealtaine.

Bhí roinnt promóisean speisialta TellyBingo ar leith ann le linn na bliana ina measc €50,000 breise a bheith curtha leis an duais Snowball mí Dheireadh Fómhair. Bhí an bua Snowball ba mhó ann ar 26 Samhain nuair a bhain imreoir ón bPasáiste, Corcaigh, €65,000.

De bhreis air seo, chun seoladh chrannchur an Déardaoin a cheiliúradh, cuireadh duais speisialta de ghluaisteán dar luach €25,000 ar fáil don chéad ghlan-bhuaiteoir Snowball. Bhuaigh Kathleen Hageman as An Inse, Co. na Mí, an gluaisteán anuas ar a duais Snowball de €50,000.

Monday Million

Total sales of Monday Million games were €20.6 million, with €3.7 million of this amount accounted for by the new Monday Million Plus game launched on 10 May.

For an extra 50 cent, players now have a chance of winning €500,000 in an extra draw which takes place live on TV3 in conjunction with the main Monday Million draw.

Winners of the Monday Million draw shared €9.2 million in prizes during 2010. Already €2.2 million has been paid out to Monday Million Plus winners, with the first of three top prizes won in August.

For the October Bank Holiday weekend, in addition to the usual prize of €10,000, a Mitsubishi ASX car worth €25,000 was on offer for players who matched 5 numbers and the Bonus number in Monday Million and Monday Million Plus draws. We had one winner with the ticket sold in Superquinn, James Street, Kilkenny.

Millionaire Raffle/Sweepstakes

Our first Millionaire Raffle game was introduced in 2008 and we extended the game to four draws in 2009.

In the course of 2010, we continued with two Millionaire Raffle draws – one at Easter and one at Christmas – and also introduced players to an exciting variation on the limited edition theme with National Lottery Sweepstakes.

Monday Million

Bhí díolachán iomlán de €20.6 milliún ar chluichí Monday Million agus bé cluiche Monday Million Plus, a seoladh ar 10 Bealtaine, ba chionsiocair le €3.7 milliún den tsuim seo.

Bíonn deis anois ag imreoirí, ar chostas breise de 50 cent, €500,000 a bhuachan i gcrannchur breise a dhéantar beo ar TV3 i gcomhpháirt le príomh chrannchur Monday Million.

Roinneadh luach €9.2 milliún de dhuaiseanna ar bhuaiteoirí chrannchur Monday Million i 2010. Cheana féin tá €2.2 milliún díolta amach do bhuaiteoirí Monday Million Plus, leis an gcéad cheann de thrí bharr-dhuais a buadh mí Lúnasa.

Ar dheireadh seachtaine Shaorlá Bainc mhí Dheireadh Fómhair, tairgeadh carr Mitsubishi ASX, dar luach €25,000, d'imreoirí a mheaitseáil 5 uimhir agus an uimhir Bhónais i gcrannchuir Monday Million agus Monday Million Plus, anuas ar an ngnáth-dhuais de €10,000. Bhí buaiteoir amháin againn agus díoladh an ticéad i siopa Superquinn, Sráid Shéamais, Cill Chainnigh.

Millionaire Raffle/Sweepstakes

Seoladh ár gcéad chluiche Millionaire Raffle i 2008 agus leathnaíomar an cluiche go dtí ceithre chrannchur i 2009.

Le linn 2010 leanamar le dhá chrannchur Millionaire Raffle – ceann um Cháisc agus ceann um Nollaig. Chuireamar malairt leagain, bunaithe ar rannpháirtíocht teoranta, ar fáil d'imreoirí le National Lottery Sweepstakes.

making magic happen...

...for charities with Celebrity Winning Streak

rudaí draíochtúla á ndéanamh...

...do chumainn charthanachta le Celebrity Winning Streak

In 2010, the National Lottery sponsored a special **Celebrity Winning Streak TV Gameshow** which was broadcast on New Year's Eve 2010 on RTÉ ONE television.

It was a glittering night of stars and those who participated on behalf of their chosen charities were Westlife's Nicky Byrne; Gold Medal Boxer Katie Taylor, Musician Sharon Shannon, Actor Jim Bartley and Celebrity Chef Neven Maguire. Between them, they won €199,200 for their chosen charities.

The charities who benefitted from this special National Lottery TV Gameshow were Barnardos; Our Lady's Children's Hospital, Crumlin; Clare Crusaders; DSPCA; Irish Heart Foundation; Irish Premature Babies; Barretstown; Bóthar; Simon Community and Lauralynn Hospice.

I 2010, rinne an Crannchur Náisiúnta urraíocht ar **Sheóchluiche speisialta teilifíse Celebrity Winning Streak** a craoladh Oíche na Seanbhliana 2010 ar theilifís RTÉ 1.

Sároíche, lán de spraoi, a bhí ann agus ar na réaltaí a ghlac páirt inti thar ceann a rogha cumann carthanachta bhí Nicky Byrne ó Westlife; Katie Taylor, Dornálaí an Bhoinn Óir, Sharon Shannon, Ceoltóir, Jim Bartley, Aisteoir, agus Neven Maguire, an Príomhchócaire Iomráiteach. Eatarthu, bhain siad €199,200 dá rogha cumann carthanachta.

B'iad na cumainn charthanachta a bhain leas as Seóchluiche teilifíse speisialta seo an Chrannchuir Náisiúnta ná Barnardos; Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite, Croimghlinn; Clare Crusaders; an DSPCA; an Irish Heart Foundation; Irish Premature Babies; Barretstown; Bóthar; an Simon Community agus an Lauralynn Hospice.

This game had an innovative feature in that the top 25 winners were paired with 25 horses in the National Lottery Sweepstakes Race at the Curragh Racecourse on Derby Day, 27 June.

These winners and their guests enjoyed a VIP weekend at the K Club which culminated in an exciting afternoon at the Curragh when the overall €1 million winner was determined by the outcome of the race. Trevor Cawley from Sligo was the lucky millionaire winner, while all the other finalists won cash prizes ranging from €10,000 to €500,000.

In addition to the National Lottery Sweepstakes winner, there were a total of four other millionaires created by Millionaire Raffle. At Easter a €1 million winning ticket was bought in Swords, Co. Dublin and another in Navan, Co Meath, while at Christmas €1 million wins went to Cork and Waterford where the eight member syndicate from Brady's Quality Foods shared the prize.

Millionaire Raffle and the associated National Lottery Sweepstakes game generated sales of €10.6 million in 2010.

All or Nothing

2010 was the first full year of the daily All or Nothing game. Launched in October 2009, this game became established in the National Lottery portfolio during the year. Sales were €9.9 million, up from €3.4 million in 2009. This draw takes place in the National Lottery Head Office each evening under the supervision of KPMG.

Bhí gné nuálaíoch ag baint leis an gcluiche sa mhéid gur nascadh an 25 barr bhuaiteoir le 25 capall i Rás National Lottery Sweepstakes ar Ráschúrsa an Churraigh Lá an Derby, 27 Meitheamh.

Bhí deireadh seachtaine macnasach ag na buaiteoirí agus ag a n aíonna sa K Club, a raibh tráthnóna sceitimíneach ar an gCurrach mar bhuaicphointe aige, nuair a chinn toradh an rása cé a bheadh mar ghlan bhuaiteoir an €1 milliúin. Bé Trevor Cawley ó Shligeach a bhí mar bhuaiteoir ádhúil an mhilliúin. Fuair gach iomaitheoir ceannais eile duais airgid idir €10,000 agus €500,000.

De bhreis ar bhuaiteoir National Lottery Sweepstakes chruthaigh an Millionaire Raffle iomlán de cheithre mhilliúnaí eile. Ceannaíodh ticéad a bhuaigh €1milliún ag Sord, Co. Bhaile Átha Cliath agus ceannaíodh ceann eile san Uaimh, Co. na Mí. Um Nollaig d'imigh duaiseanna de €1 milliún go Corcaigh agus Port Láirge araon mar a roinneadh an duais ar ochtar comhalta de shindeacáit ó shiopa Brady's Quality Foods.

Ghin Millionaire Raffle agus a chluiche gaolmhar, National Lottery Sweepstakes, díolachán €10.6 milliún i 2010.

All or Nothing

Bé 2010 an chéad bhliain iomlán do chluiche laethúil All or Nothing. Tar éis a bhunaithe mí Dheireadh Fómhair 2009 buanaíodh é mar chuid de phunann cluichí an Chrannchuir Náisiúnta le linn na bliana. Baineadh amach díolachán de €9.9 milliún, méadú ó €3.4 milliún i 2009. Tarlaíonn an crannchur seo in Ardoifig an Chrannchuir Náisiúnta gach tráthnóna faoi stiúir KPMG.

In total, €6.1 million was paid out in prizes, with six top prize winners winning €500,000 each. Five of these won as a result of having all 12 winning numbers correct, including Grace Sherry from Ballymote, Co. Sligo who purchased her ticket in Supervalu, Ballymote. A Cork couple who matched no numbers on their All or Nothing ticket purchased in Mace Store in Pouladuff Road, Cork also won €500,000. The husband regularly matches 10 numbers and couldn't believe he'd won top prize for matching none!

National Lottery Play Online

National Lottery Play Online participation continues to grow and we now have 15,000 players playing our draw games and instant win games online. This represents a 150% increase from the 6,000 players who registered to play online in 2009.

Revenue from this channel of business has also increased significantly, up to €3.7 million from €744,000 in 2009, as players enjoy the convenience of playing Lotto, EuroMillions and instant win games over the internet.

As internet usage increasingly becomes part of players' daily lives, we expect that this business channel will continue to be an important growth area for the National Lottery.

In 2010, we had our first online Lotto jackpot win when €5,513,556 was won by a Cork based online family syndicate in February. One of the family members hoped to realise a long-held ambition by travelling to Australia and scuba diving in the Barrier Reef.

Díoladh amach iomlán de €6.1 milliún mar dhuaiseanna agus bhain an seisear barr-bhuaiteoir €500,000 an duine. Bhuaigh cúigear díobh seo toisc gach ceann den 12 uimhir bhuachana a bheith ceart acu, ina measc Grace Sherry ó Bhaile an Mhóta, Co. Shligigh. Cheannaigh sise a ticéad i siopa Supervalu, Baile an Mhóta. Bhain lánúin ó Chorcaigh nár mheaitseáil aon uimhir ar a dticéad All or Nothing, a bhí ceannaithe acu sa Mace Store, Bóthar an Phoill Dhuibh, Corcaigh, €500,000 freisin. Is gnách leis an bhfear céile 10 n uimhir a mheaitseáil agus chuaigh sé rite air a chreidiúint gur bhain se an bharr-dhuais is gan aon cheann meaitseáilte aige!

Imir ar Líne an Chrannchuir Náisiúnta

Tá rannpháirtíocht Imir Ar líne an Chrannchuir Náisiúnta ag síor-fhás agus tá 15,000 imreoir anois againn a imríonn ár gcluichí crannchuir is ár cluichí tob-bhuachana ar líne. Is ionann é seo agus fás 150% ar an 6,000 imreoir a bhí cláraithe chun imeartha ar líne i 2009.

Tháinig méadú suntasach freisin ar theacht isteach ón mbealach seo gnó – méadú go €3.7 milliún ó €744,000 i 2009 – de réir mar thaitin sé le himreoirí a áisiúla is a bhí sé ar an idirlíon Lotto, EuroMillions agus na tob chluichí a imirt.

De réir mar a bhíonn úsáid laethúil an idirlín ag fás mar chuid de shaol laethúil imreoirí, beimid ag súil dá réir go mbeidh an bealach seo gnó ina earnáil thábhachtach fáis don Chrannchuir Náisiúnta.

Bhí ár gcéad bhua den phota óir Lotto ar líne againn i 2010 nuair a bhain sindeacáit teaghlaigh ar líne ó Chorcaigh €5,513,556 mí Feabhra. Theastaigh ó dhuine amháin den teaghlach le fada taisteal chun na hAstráile agus dul ag tumadóireacht scuba sa Mhórsceir Bhacainneach.

making magic happen...

...for Youth, Sport, Recreation and Amenities

rudaí draíochtúla á ndéanamh...

...don Óige, do Spórt, do Chúrsaí Fóillíochta agus d'Áiseanna

Coláiste Mhuire Community Sports is a unique schools/community partnership where the school board, along with the local community, worked together to provide all weather playing facilities for the students. National Lottery assistance also helped with the provision of dressing room facilities and floodlighting.

Tennis, soccer and Irish language camps are run during the summer. Coláiste Mhuire Community Sports has two all weather pitches and a sports hall. Funding has been raised by the local community's fundraising efforts, along with the Parents Council. These sports facilities are also used by the various club and sporting organisations in Johnstown and the surrounding areas.

Comhpháirtíocht ar leith idir scoileanna agus an pobal í **Spóirt Phobail Choláiste Mhuire** (Coláiste Mhuire Community Sports) inar shaothraigh bord na scoile, agus an pobal áitiúil taobh leo, chun áiseanna imeartha uile aimsire maille le halla spóirt a sholáthar do na mic léinn. Chabhraigh cúnamh ón gCrannchur Náisiúnta freisin le soláthar sheomraí gléasta agus le tuilsoilsiú.

Eagraítear campaí leadóige, sacair agus Gaeilge le linn an tsamhraidh. Tá dhá pháirc imeartha uile aimsire maille le halla spóirt ag Spóirt Phobail Choláiste Mhuire. Sholáthair iarrachtaí cistíochta an phobail áitiúil, maille le Comhairle na dTuismitheoirí, an maoiniú. Baineann cumainn agus eagraíochtaí spóirt i mBaile Sheáin agus an ceantar máguaird úsáid as na háiseanna spóirt seo chomh maith.

Throughout 2010, there was a continued focus on technical and digital communications development. We enhanced our website and introduced a new iPhone application with a number of features including results checking and random number generation options.

Operations

The level of activity required to support the growing National Lottery game portfolio continues to rise. In 2010, the total number of individual transactions handled was 267 million. During the year, we managed 854 individual draws and now have 22 regular game draws per week.

Total operating expenses for the year were €108.4 million, down 4.3% from €113.3 million in the previous year. This includes €48.1 million agents' commission representing 6.2% of total sales. In line with the reduction in sales volumes, commission paid to agents was down by 5.6% from €50.9 million in 2009.

Other costs of sales also reduced, down to €38.1 million from €39.6 million in the previous year. Administration costs for the year were reduced to €19.4 million from €19.7 million and equate to 2.5% of sales.

Our retail side of the business continues to grow and at the end of 2010, we had 3,813 agents, up from 3,794 in the previous year.

We continued to improve our player support services in store with the installation of 930 self service ticket checkers, bringing the total number in stores to 3,400. We also upgraded 950 stores to improve broadband capability and continued the roll-out of digital display screens in the top retail outlets.

Le linn 2010 bhí fócas leanúnach ar fhorbairt na cumarsáide teicniúla agus digití. D'fheabhsaíomar ár suíomh gréasáin agus thugamar isteach feidhmchlár iFón le raon gnéithe ar a n áirítear seiceáil torthaí agus roghanna chun uimhreacha randamaí a ghiniúint.

Oibríochtaí

Bíonn an leibhéal gníomhaíochta a bhíonn riachtanach chun freastal ar phunann cluichí an Chrannchuir Náisiúnta, atá ag fás, ag méadú i gcónaí. I 2010 láimhseáladh 267 milliún idirbheart aonair. Le linn na bliana, bhí 854 crannchur ar leith ann agus bíonn 22 cluiche crannchuir in aghaidh na seachtaine anois againn.

Bhí €108.4 milliún ar chostais oibríochta iomlána na bliana, laghdú 4.3% ó €113.3 milliún an bhliain roimhe sin. Áirítear anseo €48.1 milliún ar choimisiún ghníomhairí, arbh ionann é agus 6.2% den díolachán iomlán. Ag teacht leis an laghdú ar mhéid an díolacháin, bhí laghdú 5.6% ar an gcoimisiún a íocadh le gníomhairí ó €50.9 milliún i 2009.

Laghdaíodh chomh maith costais eile díolacháin go €38.1 milliún ó €39.6 milliún an bhliain roimhe sin. Laghdaíodh na costais riaracháin don bhliain go dtí €19.4 milliún ó €19.7 milliún agus is ionann iad agus 2.5% den díolachán.

Leanann taobh miondíola d'ár ngnó de bheith ag fás agus faoi dheireadh 2010, bhí 3,813 gníomhaire againn, méadú ó 3,794 an bhliain roimhe sin.

Leanamar de bheith ag feabhsú ár seirbhísí tacaíochta d'imreoirí sna siopaí trí 930 meaisín féinseirbhís seiceála ticéad a chur ar fáil, rud a fhágann go bhfuil 3,400 díobh ar fáil anois sna siopaí. D'uasghrádaíomar 950 siopa chun a n acmhainní leathanbhanda a fheabhsú agus leanamar de rolladh amach scáileán digiteacha taispeána sna hasraonta miondíola is mó.

During the year, our employee numbers increased by 4 to 103 people as we employed additional resources to develop our internet capability and handle the increased number of games and draws on the market.

I'd like to thank everyone working in the National Lottery for their hard work and commitment during the year, together with our agents who continue to provide much valued support at retail level.

The National Lottery is committed to operating to the highest possible standards and to maintaining accreditation to a number of internationally recognised business standards.

The operation of a Quality Management System and an Information Security Management System resulted in the Company maintaining accreditation to ISO 9001 and ISO 27001 respectively during the year under review. We have also achieved accreditation to the World Lottery Association's Security Control Standard which specifies security control requirements specific to Lottery operations.

Last year, the National Lottery achieved certification to the ISO 14001 Environmental Management System Standard, which provides us with a risk management tool to control, manage and improve its impact on the environment.

Le linn na bliana chuireamar ceathrar le líon ár bhfostaithe, méadú go dtí 103, de réir mar a chuireamar acmhainní breise ar fáil chun cur lenár gcumas idirlín agus déileáil le líon méadaithe na gcluichí is na gcrannchur ar an margadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine atá ag obair sa Chrannchur Náisiúnta as a gcruashaothar is a dtiomantas le linn na bliana chomh maith lenár ngníomhairí a sholáthraíonn go leor tacaíochta luachmhara ar an leibhéal miondíola.

Tá an Crannchur Náisiúnta tiomanta d'fheidhmiú de réir na gcaighdeán is airde do choinneáil an chreidiúnaithe do roinnt caighdeán gnó atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

Trí Chóras Bainistíochta Cáilíochta agus trí Chóras Bainistiú Slándáil Faisnéise a fheidhmiú fuaireamar creidiúnú do ISO 9001 agus ISO 27001 faoi seach le linn na bliana atá faoi chaibidil. Bhaineamar amach freisin creidiúnú do Chaighdeán Rialú Slándála an World Lottery Association, a leagann síos riachtanais rialú slándála atá sainiúil d'oibríochtaí Crannchuir.

Anuraidh bhain an Crannchur Náisiúnta amach creidiúnú do ISO 14001, Caighdean Chóras Bhainistiú na Timpeallachta, a sholáthraíonn uirlis bhainistíocht riosca chun a éifeacht ar an timpeallacht a rialú, a bhainistiú is a fheabhsú.

making magic happen...

...for our Big Money Gameshow winners

rudaí draíochtúla á ndéanamh...

...do bhuaiteoirí ár Seóchluiche Big Money

39 Big Money TV Gameshow winners and their guests travelled to New York in October 2010 with the National Lottery for the trip of a lifetime. RTÉ TV Gameshow host Brian Ormond and his fiancée Pippa O'Connor accompanied the winners on their adventures.

During their six-day luxury break, the winners went to see smash-hit Broadway show 'Billy Elliott'; took helicopter rides across the Hudson River; enjoyed evening dinner on the 'Star of America' luxury yacht, against the nightime backdrop of an uplit Statue of Liberty and the Manhattan skyline.

All winners also won €2,500 as part of their prize and were able to treat themselves to some retail therapy on 5th Avenue.

Thaisteal **39 buaiteoir Sheóchluiche teilifíse Big Money**, maille lena n aíonna, go Nua Eabhrach mí Dheireadh Fómhair 2010 leis an gCrannchur Náisiúnta ar thuras a saoil. Thionlaic oirfideach an tSeóchuiche teilifíse de chuid RTÉ, Brian Ormond agus an bhean atá geallta leis, Pippa O'Connor iad ar a gcuid eachtraí.

Le linn a sóshaoire shé lá d'fhreastail na buaiteoirí ar sheó mhór-chlú Broadway 'Billy Elliott'; chuaigh siad ar thurais héileacaptair thar Abhainn an Hudson; d'itheadar dinnéar ar shó-luamh 'Star of America' agus Dealbh na Saoirse faoi shoilsí agus imlíne Manhattan istoíche mar chúlra acu.

Bhuaigh na buaiteoirí €2,500 an duine chomh maith mar chuid dá nduais, rud a d'fhág go raibh siad in ann ábhairín 'teiripe miondíola' a bhlaiseadh ar 5th Avenue.

Responsible Gaming

The National Lottery is committed to best practice in relation to responsible gaming. A key issue for us in raising as much money as we can for good causes is to ensure that the National Lottery does not encourage excessive play and that National Lottery tickets are not sold to persons under 18 years of age.

While it is generally accepted internationally that lottery draw-based games carry lower risks than other forms of gaming, we are constantly vigilant in ensuring that we continue to operate in a socially responsible way. We have a corporate social responsibility programme in place, with the protection of minors and the potentially vulnerable at the very heart of its ethos.

Our website also offers practical guidance for players who are concerned that gaming may be playing too large a part in their lives.

Sponsorship

We were pleased to sponsor National Lottery Skyfest again in 2010 as part of the St. Patrick's Festival celebrations. This spectacular fireworks event was broadcast live on RTÉ One Television from Limerick against the dramatic backdrop of King John's Castle. Crowds of over 50,000 people attended the spectacle on Saturday 13 March and also participated in a live Lotto draw with €2 million added.

In addition, over 250,000 TV viewers were able to enjoy the National Lottery Skyfest broadcast which featured footage from several good causes that have received National Lottery funding, including the new Thomond Park Stadium.

Cearrbhachas Freagrach

Tá an Crannchur Náisiúnta tiomanta do dhea-chleachtas maidir le cearrbhachas freagrach. Buncheist dúinne agus sinn ag bailiú oiread airgid agus is féidir linn do dhea-chúiseanna is ea a chinntiú nach spreagann an Crannchur Náisiúnta cearrbhachas iomarcach agus nach ndíoltar ticéid an Chrannchuir Náisiúnta le daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Siúd is go nglactar leis go hidirnáisiúnta gur lú an baol a bhaineann le cluichí crannchuir ná le cineálacha eile cearrbhachais, bímid ar ár n airdeall i gcónaí le cinntiú go bhfeidhmímid ar dhóigh a bhíonn freagrach go sóisialta. Tá clár freagrachta sóisialta corparáideach i bhfeidhm againn a bhfuil mar chroílár a éitis daoine óga agus leochaileacha a chosaint. Soláthraíonn ár suíomh gréasáin comhairle phraiticiúil d'imreoirí atá imníoch go bhfuil cearrbhachas mar chuid ró thábhachtach dá saol.

Urraíocht

Bhí áthas orainn urraíocht a dhéanamh arís i 2010 ar Skyfest an Chrannchuir Náisiúnta mar chuid de cheiliúradh na Féile Pádraig. Chraol Teilifís RTÉ 1 an taispeántas mórthaibhseach tinte cnámh seo beo ó Luimneach, a raibh Caisleán an Rí Eoin mar chúlra drámata aige. D'fhreastal slua de bhreis is 50,000 ar an taispeántas Dé Sathairn, 13 Márta, agus ghlac siad páirt chomh maith i gcrannchur beo Lotto a raibh €2 milliún curtha leis.

Thairis sin, bhí lucht féachana de bhreis ar 250,000 in ann taitneamh a bhaint as craoladh Skyfest an Chrannchuir Náisiúnta a raibh píosaí scannáin air a léirigh go leor dea-chúiseanna, a bhfuil maoiniú faighte acu ón gCrannchur Náisiúnta, ina measc Staidiam nua Pháirc Thuamhan.

Good Causes

In 2010, we raised €243.7 million or 31.6 % of sales in funds for good causes. Interestingly, our research shows that whilst players are aware that an amount from every euro played goes to fund work in communities countrywide, they consistently underestimate the level of funds raised. In fact the cumulative figure since the National Lottery commenced operations in 1987 currently stands at the very substantial amount of over €3.6 billion.

Throughout the year we continued our 'Dream Winner' segment on the Winning Streak TV Gameshow. This features a televised broadcast from National Lottery Beneficiary projects from around Ireland each week allowing viewers to see the benefits made possible by their playing of National Lottery games.

Last year, National Lottery players contributed to the millions of euro invested in projects and communities within the four categories of Youth, Sport, Recreation and Amenities; Health & Welfare; Arts, Culture & National Heritage and the Irish Language.

One such project was Macra Na Feirme, a vibrant organisation for young people comprising over 300 clubs and 9,000 members, which exists to promote rural development and the personal development of its members. In 2010, Macra na Feirme received €561,226 from the National Lottery funded Youth Services Grant Scheme administered by the Office of the Minister for Children and Youth Affairs.

Dea-Chúiseanna

I 2010, bhailíomar €243.7 milliún nó 31.6 % den díolachán mar chistí do dhea-chúiseanna. Spéisiúil go leor, in ainneoin go dtuigeann imreoirí go dtéann sciar ó gach euro a imrítear chun maoiniú a dhéanamh ar obair i bpobail ar fud na tíre, gannmheas siad go leanúnach leibhéal an airgid a bailíodh. Le fírinne, ó thosaigh an Crannchur Náisiúnta a chuid oibre i 1987 go dtí anois, tá os cionn €3.6 billiún cnuasaithe – figiúr an substaintiúil.

Le linn na bliana leanamar den mhír 'Dream Winner' ar an Seóchluiche Teilifíse Winning Streak. Léirítear don lucht féachana gach seachtain trí chraoladh teilifíse ó cheann de thionscadail a fuair maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta cad é an sochar a eascraíonn as iad a bheith ag imirt cluichí an Chrannchuir Náisiúnta.

Anuraidh, chuir imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta leis na milliúin euro a infheistítear i dtionscadail agus i bpobail sa cheithre réimse Óige, Spórt, Fóillíocht agus Áiseanna; Sláinte agus Leas Sóisialta; na hEalaíona, Cultúr & Oidhreacht Náisiúnta agus an Ghaeilge.

Bé Macra na Feirme ceann de na tionscadail seo – eagraíocht bheoga do dhaoine óga a bhfuil os cionn 300 club agus 9,000 ball aici, agus a bhfuil mar bhunaidhm aici forbairt na tuaithe agus forbairt phearsanta a cuid ball a chur chun cinn. I 2010 fuair Macra na Feirme €561,226 ó Scéim Deontais na nÓg Sheirbhísí atá maoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta agus atá á riaradh ag Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

making magic happen...

...for our online players

rudaí draíochtúla á ndéanamh...

...dár n imreoirí ar líne

National Lottery Play Online participation continues to grow and there are now 15,000 players playing our draw games and instant win games online.

Play Online revenues have increased significantly, up to €3.7 million from €744,000 in 2009. Lotto, EuroMillions and Instant Win games can now be played on the internet.

The first ever online Lotto jackpot win in Ireland was recorded in February when a Cork based family syndicate won €5,513,556.

Tá fás leanúnach faoi rannpháirtíocht **Imir Ar Líne an Chrannchuir Náisiúnta** agus tá 15,000 imreoir anois ann a imríonn ár gcluichí crannchuir agus ár gcluichí tob-bhuachana ar líne.

D'fhás an teacht isteach ó Imir Ar líne go suntasach – méadú ó €744,000 i 2009 go dtí €3.7 milliún. Is féidir Lotto, EuroMillions agus na cluichí Tob Bhuachana a imirt anois ar an idirlíon.

Buadh pota óir Lotto ar líne don chéad uair in Éirinn mí Feabhra nuair a ghnóthaigh imreoir ó Chorcaigh €5,513,556.

In the sports area, many of our leading athletes, including hurdler Derval O'Rourke, boxer Katie Taylor, and swimmer Gráinne Murphy, were recipients of grants from the Irish Sports Council part funded by the National Lottery.

The Arts Council continues to receive National Lottery funds which are distributed to community projects such as the Waterford Healing Arts Trust, located in Waterford Regional Hospital and the Stokestown International Poetry Festival.

The Oriel Cultural Centre, Dundalk was one of six regional Comhaltas Ceoltóirí Éireann resource centres to receive National Lottery funding. This Irish language hub provides facilities for teaching, rehearsal, performance and sessions, along with recording and archiving facilities.

We are conscious that behind these initiatives and the many other projects which benefit from National Lottery funding, there are thousands of volunteers dedicated to achieving the best for their communities and would like to thank them for their commitment.

I réimse na spórt, fuair go leor d'ár lúthchleasaithe iomráiteacha, ar a n áirítear an cliathreathaí Derval O'Rourke, an dornálaí Katie Taylor, agus an snámhaí Gráinne Murphy, deontais ón gComhairle Spóirt a fhaigheann cuid dá mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta.

Leanann an Chomhairle Ealaíon de bheith ag fáil airgead ón gCrannchur Náisiúnta agus dáiltear é ar thionscadail mar Iontaobhas Phort Láirge um Ealaíona Leighis atá lonnaithe in Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge agus Féile idirnáisiúnta Filíochta Bhéal na mBuillí.

Bhí Cultúrlann Oirialla, Dún Dealgan, ar cheann de shé ionad acmhainní réigiúnacha de chuid Chomhaltas Ceoltóirí Éireann a fuair maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta. Soláthraíonn an mol Gaeilge seo áiseanna foghlama, cleachtaidh, léirithe agus do sheisiúin chomh maith le háiseanna taifeadta agus cartlainne.

Is maith is eol dúinn go bhfuil na mílte oibrí deonach taobh thiar de na tionscadail seo agus de go leor tionscadal eile a fhaigheann maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta agus iad tiomnaithe d'oiread agus is féidir leo a bhaint amach dá bpobail. Ba dheas linn ár mbuíochas a ghabháil leo as a dtiomantas.

The Future

As we enter the National Lottery's 25th year of operations, our focus will be on enhancing and promoting our wide range of lottery games to new and existing players. 2011 will see a major change to the EuroMillions game with even bigger Jackpots and more chances to win.

Our internet service, National Lottery Play Online, will continue to expand rapidly as we add more games and players. This platform gives us a new dimension to our business and should attract a new generation of National Lottery players.

In retail outlets, we will continue to improve the service to our players, including the rollout of digital signage screens to all our main agents.

By succeeding in implementing our plans, we will achieve our goal of generating further funds for good causes and building on the €3.6 billion raised to date for the benefit of communities in Ireland.

An Todhchaí

Agus sinn ag tosú ar 25ú bliain oibríochtaí an Chrannchuir Náisiúnta, beidh ár n aird dírithe ar raon leathan ár gcluichí crannchuir a fheabhsú is a chur chun cinn dár n imreoirí reatha is dár n imreoirí nua. Beidh athrú mór ar chluiche EuroMillions le linn 2011 agus beidh Potaí Óir níos mó fós ann agus níos mó deiseanna chun buachana.

Leanfaidh ár seirbhís idirlín, Imir Ar Líne an Chrannchuir Náisiúnta, de bheith ag forbairt de réir mar a chuirfimid níos mó cluichí agus imreoirí léi. Cuireann an t ardán seo diminsean nua lenár ngnó agus ba chóir go meallfadh se glúin nua d'imreoirí don Chrannchur Náisiúnta.

Leanfaimid de bheith ag feabhsú na seirbhíse dár n imreoirí, ar a n áireofar rolladh amach na scáileán comharthaíochta digiteacha dár bpríomh-ghníomhairí.

Trínár bpleananna a chur i bhfeidhm, bainfimid amach ár n aidhm de bheith ag bailiú cistí eile airgid do dhea chúiseanna agus de bheith ag cur leis an €3.6 billiún a bailíodh go nuige seo ar mhaithe le pobail ar fud na hÉireann.

Dermot Griffin
Chief Executive, 22 February, 2011
Príomhfheidhmeannach, 22 Feabhra, 2011

Board of Directors
An Bord Stiúrtha

Donal Connell, C.Eng., F.I.E.I., B.E.

Chairman Cathaoirleach
Age 57 Aois 57
Appointed on 6 November, 2008; second term
Ceaptha 6 Samhain, 2008; an dara téarma

Mr. Connell is Chief Executive of An Post, having been appointed to that position in August 2006. He began his career in the Department of Post and Telegraphs and has held senior management positions in Unitrode Ireland, 3Com Ireland and Maxtor Ireland where he was General Manager prior to joining An Post. He is an executive director of An Post and a non-executive director of Xilinx Corporation's European Board.

Is é Donal Connell Príomhfheidhmeannach an Phoist. Ceapadh é sa phost sin mí Lúnasa 2006. Thosaigh sé a shaolré oibre sa Roinn Poist agus Teileagraf agus bhí poist bhainistíochta shinsearacha aige in Unitrode Ireland, 3Com Ireland agus Maxtor Ireland, áit a raibh sé ina Bhainisteoir Ginearálta sula ndeachaigh sé isteach in An Post. Stiúrthóir feidhmiúcháin é ar An Post agus is stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin é ar Bhord Eorpach Xilinx Corporation.

Dermot Griffin, B.Comm., F.C.C.A.

Director Stiúrthóir
Age 48 Aois 48
Appointed 6 November, 2009; third term
Ceaptha 6 Samhain, 2009; tríú téarma

Mr. Griffin joined An Post National Lottery Company in June 2005 as Chief Operating Officer and he was appointed as Chief Executive in June 2006. He joined the Company from Vodafone Ireland where he was Commercial Director, having previously held the positions of Business Development Director and Finance Director in that company. He commenced his career with KPMG, Chartered Accountants. He is a non-executive director of Services Aux Loteries En Europe which manages the EuroMillions game.

Chuaigh Dermot Griffin isteach i gComhlacht Chrannchur an Phoist mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin mí an Mheithimh 2005 agus ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach mí an Mheithimh 2006. Tháinig sé isteach sa Chomhlacht ó Vodafone Ireland, áit a raibh sé ina Stiúrthóir Tráchtála tar éis dó bheith ina Stiúrthóir Forbartha Gnó agus ina Stiúrthóir Airgeadais roimhe sin ag an gcuideachta úd. Thosaigh sé a shaolré oibre le KPMG, Cuntasóirí Cairte. Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin é ar Services Aux Loteries En Europe a bhainistíonn an cluiche EuroMillions.

Micheál Ó Muircheartaigh,
N.T., BA., B.Comm., H.D.E., D.P.A.

Director Stiúrthóir
Age 80 Aois 80
Appointed 6 November, 2009; sixth term
Ceaptha 6 Samhain, 2009; séú téarma

Mr. Ó Murcheartaigh is a sports' journalist and was a sports' commentator with RTÉ since 1949 until he retired in 2010. He is a founder member of Gaelscoil Oilibhéir serving the Blanchardstown / Clonsilla / Castleknock area of Dublin and acted as Chairman of that school board for three terms. He has served as President of Gaelscoileanna, the national organisation for Irish-medium schools and he was a member of Bord Na Gaeilge for nine years and Chairman for seven. He also served as Chairman of the Board of Guaranteed Irish for nine years.

Iriseoir spóirt é Micheál Ó Muircheartaigh agus ba thráchtaire spóirt é le RTÉ ó 1949 i leith go dtí gur éirigh sé as i 2010. Duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Oilibhéir é, scoil a fhreastalaíonn ar cheantar Bhaile Bhlainséir / Chluain Saileach / Chaisleán Cnucha i mBaile Átha Cliath, agus chaith sé trí théarma mar Chathaoirleach ar bhord na scoile. Bhí sé ina Uachtarán ar Ghaelscoileanna, an eagraíocht náisiúnta do scoileanna lán-Ghaeilge. Ba chomhalta é de chuid Bhord na Gaeilge ar feadh naoi mbliana agus é ina Chathaoirleach air ar feadh seacht mbliana. Ba Chathaoirleach é chomh maith ar Bhord Guaranteed Irish ar feadh naoi mbliana.

Caroline Murphy,
BA, HDip Psych, MA Psych

Director Stiúrthóir
Age 54 Aois 54
Appointed 6 November, 2010; first term
Ceaptha 6 Samhain, 2010; an chéad téarma

Ms. Murphy is an organisational psychologist who specialises in Media and Communication Consultancy and Training and Web TV production. She is also a well-known broadcaster and can be heard presenting 'It Says in the Papers' on RTÉ's Morning Ireland. She has worked previously for RTÉ both as a producer and as a presenter of programmes on television and radio. She is a board member of the Family Support Agency and of the National Sports Campus Development Authority.

Ar an mbainistíocht atá an fhreagracht chun rioscaí suntasacha a aithint agus a mheas agus as rialúcháin inmheánacha cuí a cheapadh is a chur i bhfeidhm. Déantar meastóireacht leanúnach ar na rioscaí seo agus í bunaithe ar raon foinsí inmheánacha agus seachtracha. Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don Bhord ar na príomh-rioscaí a bhaineann leis an ngnó agus ar an tslí ina ndéantar bainistiú ar na rioscaí. Tuairiscíonn an bhainistíocht don Bhord freisin ar athruithe suntasacha i ngnóthaí an Chomhlachta agus aon rioscaí a eascraíonn as na hathruithe seo. Dlúthchuid den timpeallacht inmheánach rialaithe é an próiseas a úsáidtear chun na príomh-rioscaí a aithint agus a bhainistiú.

Seo a leanas na príomh-ghnáthaimh a cheap na Stiúrthóirí chun rialú inmheánach éifeachtach a chinntiú:

- Fócas grinn ar na cuspóirí gnó, mar atá leagtha amach ag an mBord, tar éis na freagrachtaí reachtúla is próifíl riosca an Chomhlachta a thabhairt san áireamh.
- Struchtúr sainithe eagraíochta le línte soiléire freagrachta, tarmligean údaráis agus dealú dualgas a cheapadh chun timpeallacht tairbheach rialaithe a chothú.
- Próiseas bainistiú rioscaí a thugann san áireamh straitéis agus forbairt an ghnó i gcomhthéacs phróiseas bliantúil an bhuiséid nuair a leagann an Bord amach is mar a athbhreithníonn sé pleananna airgeadais agus spriocanna feidhmithe i gcomhthéacs chuspóirí foriomlána an Chomhlachta.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe a chuireann ar fáil tacar uileghabhálach de thuairiscí airgeadais. Faomhann an Bord an buiséad bliantúil. Déanann an bhainistíocht meastóireacht go laethúil ar eochair-staitisticí airgeadais. Tuairiscítear na torthaí iarbhíre míosúla i gcomparáid leis an mbuiséad agus scrúdaítear difríochtaí substaintiúla diúltacha agus féachtar le hiad a cheartú.
- Gnáthaimh rialaithe – coinníonn an Comhlacht lámhleabhair chuimsitheacha gnáthaimh ar a phríomh-imeachtaí uile. Tá, ach go háirithe, teorainneacha agus gnáthaimh leagtha amach go soiléir faoi chaiteachas airgid. Áirítear anseo soláthairtí, caiteachas caipitil agus reáchtáil na gcrannchur.
- Córas faireacháin – déanann bainistíocht an Chomhlachta faireachán ar chomhlíonadh na gcuspóirí rialaithe ar bhonn leanúnach. Déantar faireachán ar an gcóras rialaithe freisin trí iniúchadh inmheánach a dhéanamh ar na gnéithe úd is mó riosca don Chomhlacht.

Tá gnáthaimh i bhfeidhm ag an gComhlacht a chinntíonn gur féidir le fostaithe ceisteanna faoi aon iompar míchuí, a fhéadfadh a bheith ann, a ardú faoi dhiscréid agus go leantar an cheist ansin ar bhealach cuí. Tá bealaí tuairiscithe ceaptha trínar féidir aon iompar míchuí, a mheastar a bheith ann, a thuairisciú de bhéal, tríd an bpost, thar an teileafón nó i ríomhphost, agus é sin gan ainm a thabhairt más fearr sin.

Report of the Directors

Attendance at Board and Board Committee meetings

The following table shows the number of Board and Board Audit Committee meetings held during the year ended 31 December, 2010 and the attendance records of individual Directors.

	Board meetings	Audit Committee meetings
Total number of meetings	**11**	**4**
Donal Connell	11 (11)	–
Dermot Griffin	11 (11)	–
James Hyland	11 (11)	4 (4)
Niamh McGowan	6 (9)	3 (3)
Micheál Ó Muircheartaigh	11 (11)	4 (4)
Caroline Murphy	2 (2)	–
Barbara Patton	10 (11)	1 (1)
Oliver Wilkinson	11 (11)	–

Figure in brackets indicate maximum number of meetings in the period in which the individual was eligible to attend the Board/Committee meeting.

Directors' remuneration

The remuneration of the Chief Executive is subject to the approval of the Board of the Company. The objective is to maintain the remuneration of the Chief Executive at a level which is attractive to the individual while, at the same time, representing value for money for the Company. A proportion of the Chief Executive's remuneration is performance related and, in this way, is linked to the Company and individual objectives.

Fees for Directors are determined by the Minister for Finance.

No Director has a service contract with the Company.

The Board:

- determines the remuneration and other terms and conditions of employment of the Chief Executive;
- determines the pay structures and terms and conditions of other senior personnel;
- takes all decisions related to pay and pay related matters; and
- considers any other matters which it deems to be relevant to the foregoing.

The disclosures made in these financial statements relating to Directors' emoluments and pension information are those required under the Irish Companies Acts, 1963 to 2009.

The Audit Committee

During the year, the Audit Committee comprised James Hyland, Niamh McGowan (until 5 November, 2010), Barbara Patton (from 5 November, 2010) and Micheál Ó'Muircheartaigh. James Hyland acts as Chairman of the Committee. All the members of the Committee are independent non-executive Directors.

Members of the Committee bring to it a wide range of experience from senior positions in business, including that of managing partner of an accounting practice.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Freastal ar chruinnithe de chuid an Bhoird agus Choistí an Bhoird

Léiríonn an tábla thíos líon na gcruinnithe a bhí ag an mBord agus ag a chuid Coistí le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig, 2010 maille leis an bhfreastal a rinne gach Stiúrthóir.

	Cruinnithe Boird	Cruinnithe an Choiste Iniúchóir-eachta
Líon iomlán na gcruinnithe	**11**	**4**
Donal Connell	11 (11)	–
Dermot Griffin	11 (11)	–
James Hyland	11 (11)	4 (4)
Niamh McGowan	6 (9)	3 (3)
Micheál Ó Muircheartaigh	11 (11)	4 (4)
Caroline Murphy	2 (2)	–
Barbara Patton	10 (11)	1 (1)
Oliver Wilkinson	11 (11)	–

Léiríonn an figiúr faoi lúibíní líon iomlán na gcruinnithe le linn na tréimhse nuair a bhí an duine i dteideal freastal ar chruinniú den Bhord/Choiste.

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Ní mór do Bhord an Chomhlachta luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a fhaomhadh. Tá sé mar chuspóir luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a choinneáil ar leibhéal a bheadh mealltach dó agus, ag an am céanna, a thabharfadh luach maith airgid don Chomhlacht. Íoctar sciar de luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh de réir feidhmíochta agus, ar an dóigh seo, tá baint aige le cuspóirí an Chomhlachta agus leis an duine aonair.

Is é an tAire Airgeadais a shocraíonn táillí na Stiúrthóirí.

Níl conradh seirbhíse ag aon Stiúrthóir leis an gComhlacht.

Is é an Bord:

- a shocraíonn tuarastal, agus téarmaí is coinníollacha eile fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh;
- a shocraíonn struchtúir tuarastail agus téarmaí is coinníollacha eile fostaíochta chomhaltaí sinsearacha eile foirne;
- a ghlacann na cinntí uile a bhaineann le tuarastal agus le nithe gaolmhara;
- a chíorann aon ní eile a bhraitheann siad a bheith ábhartha don méid thuas.

Is éard atá san fhaisnéisiú atá déanta sna ráitis airgeadais seo, a bhaineann le luach saothair nó le heolas pinsin na Stiúrthóirí, ná an faisnéisiú a éilítear faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 in Éirinn.

An Coiste Iniúchóireachta

Le linn na bliana b'iad James Hyland, Niamh McGowan (go dtí 5 Samhain, 2010), Barbara Patton (ó 5 Samhain, 2010 ar aghaidh) agus Micheál Ó Muircheartaigh comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta. James Hyland a fheidhmíonn mar Chathaoirleach ar an gCoiste. Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin neamhspleácha iad comhaltaí uile an choiste.

Tá taithí leathan ag comhaltaí an choiste de bharr poist thábhachtacha sa saol gnó a bheith acu, ar a n-áirítear bheith ina chomhpháirtí bainistíochta i gcleachtas cuntasaíochta.

Report of the Directors

Under its terms of reference, the Audit Committee monitors the integrity of the Company's financial statements. The Committee is responsible for monitoring the effectiveness of the external audit process and making recommendations to the Board in relation to the appointment, re-appointment and remuneration of the external auditors. It is responsible for ensuring that an appropriate relationship between the Company and the external auditors is maintained, including reviewing non-audit services and fees. As a result of regulatory or similar requirements, it is necessary to employ the Company's external auditors for certain audit related and non-audit services. In order to maintain the independence of the external auditors, the Committee has determined policies as to what audit related and non-audit services can be provided by the Company's external auditors and the approval process related to these services. In particular, the Board considers it appropriate that independent observer and draw related services, which are the principal constituent of audit related fees paid, be performed by the external auditors. Under these policies, work of a consultancy nature will not be offered to the external auditors unless there are clear efficiencies and value added benefits to the Company while ensuring that the objectivity and independence of the external auditors is maintained. The Committee monitors the level of fees paid to the external auditors.

The Committee reviews annually the Company's systems of internal control and the processes for monitoring and evaluating the risks facing the Company.

The Committee meets with management, as well as privately with the external auditors.

In 2010, the Committee discharged its responsibilities by:

- reviewing the Company's draft financial statements prior to Board approval and meeting and reviewing with the external auditors their reports thereon;
- reviewing the appropriateness of the Company's accounting policies;
- reviewing the potential impact on the Company's financial statements of significant matters;
- reviewing the resources of internal audit, approving the internal audit plans, reviewing internal audit reports and dealing with control issues raised by the internal auditors;
- reviewing and approving the audit fee and reviewing non-audit fees payable to the Company's external auditors;
- reviewing the external auditors' plan for the audit of the Company's financial statements, confirmations of auditor independence and the proposed audit fee, and approving the terms of engagement for the audit;
- considering the adequacy of the Company's system of risk identification and assessment;
- reviewing an annual report on the Company's systems of internal control and its effectiveness, reporting to the Board on the results of the review and receiving regular updates on key risk areas of financial control;

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Faoina théarmaí tagartha, déanann an Coiste Iniúchóireachta faireachán ar ionracas ráitis airgeadais an Chomhlachta. Tá an Coiste freagrach as faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht phróiseas an iniúchta seachtraigh agus as moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le ceapadh, athcheapadh agus luach saothair na n-iniúchóirí seachtracha. Tá sé freagrach chomh maith as deimhin a dhéanamh de go gcoimeádtar gaol cuí idir an Comhlacht agus na hiniúchóirí seachtracha agus athbhreithniú ar sheirbhísí is ar tháillí neamh-iniúchóireachta san áireamh. De bharr riachtanais rialacháin nó cinn dá shórt, is gá iniúchóirí seachtracha an Chomhlachta a fhostú le haghaidh seirbhísí áirithe a bhaineann leis an iniúchadh agus cinn neamh-iniúchóireachta. Chun go gcaomhnófaí neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha, rianaigh an Coiste Inúchóireachta polasaithe faoi na seirbhísí, idir sheirbhísí a bhaineann leis an iniúchadh agus sheirbhísí neamh-iniúchóireachta, a fhéadfadh iniúchóirí seachtracha an Chomhlachta a sholáthar agus faoin bpróiseas chun na seirbhísí seo a fhaomhadh. Measann an Bord, ach go háirithe, go bhfuil sé cuí gurb iad na hiniúchóirí seachtracha a sholáthródh seirbhísí mar bhreathnadóir neamhspleách agus seirbhísí a bhaineann leis an gcrannchur, ar phríomhghné iad de na táillí iniúchóireachta a íoctar. De réir na bpolasaithe seo, ní dhéantar obair chomhairleoireachta a thairiscint do na hiniúchóirí seachtracha mura bhfuil buntáistí soiléire éifeachtachta agus breisluacha le fáil ag an gComhlacht agus oibiachtúlacht is neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha a bheith slán i gcónaí. Déanann an Coiste faireachán ar leibhéal na dtáillí a íoctar leis na hiniúchóirí seachtracha.

Athbhreithníonn an Coiste go bliantúil córais rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta agus na modhanna chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu.

Buaileann an Coiste leis an mbainistíocht agus freisin go príobháideach leis na hiniúchóirí seachtracha.

Le linn 2010 chomhlíon an Coiste Iniúchóireachta a chuid dualgas trí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-ráitis airgeadais an Chomhlachta sular dhein an Bord iad a fhaomhadh agus trí chasadh ar na hiniúchóirí seachtracha is a dtuairiscí ar na ráitis airgeadais a athbhreithniú i bpáirt leo;
- oiriúnacht pholasaithe cuntasaíochta an Chomhlachta a athbhreithniú;
- an éifeacht fhéideartha a fhéadfadh a bheith ar ráitis airgeadais an chomhlachta ag rudaí suntasacha a athbhreithniú;
- acmhainní an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú, pleananna an iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh, tuairiscí an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú agus déileáil le ceisteanna suntasacha a thógann na hiniúchóirí inmheánacha;
- táille an iniúchta agus táillí neamh-iniúchóireachta, iníoctha le hiniúchóirí seachtracha an Chomhlachta, a athbhreithniú is a fhaomhadh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna na n-iniúchóirí seachtracha chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chomhlachta, ar dheimhnithe ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí is ar an táille a mholtar don iniúchadh agus téarmaí an chonartha don iniúchadh a fhaomhadh;
- leordhóthaineacht chóras an Chomhlachta chun rioscaí a aithint is a thomhas, a mheas;
- tuairisc bhliantúil ar chórais an Chomhlachta um rialú inmheánach agus a éifeachtúlacht a athbhreithniú, tuairisc a thabhairt don Bhord ar thorthaí an athbhreithnithe agus tuairiscí suas-chun-dáta a fháil go rialta ar eochair-ghnéithe riosca den rialú airgeadais.

Report of the Directors

Nomination Committee

As all the authority regarding the appointment of Directors is vested with the Minister for Finance, the matter of constituting a nomination committee is not required to be considered by the Board.

Compliance statement

The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to apply as appropriate the relevant main and supporting principles of good governance in the Combined Code issued by the Financial Reporting Council in the UK.

The Directors confirm that the Company has been in compliance with the Code of Best Practice for the Governance of State Bodies and the relevant main and supporting principles of the Combined Code throughout the financial year under review, with the exception of a number of areas noted above where voluntary compliance with the Combined Code is not considered necessary for the Company given the manner of appointment of Directors, the shareholding structure of the Company and existing Board procedures.

Going Concern

The Directors have reviewed the Company's business plan and other relevant information including the terms of the licence granted by the Minister for Finance to the Company for the operation of the National Lottery until 31 December, 2011. On that basis, the Directors have a reasonable expectation that the Company will continue in operational existence for the foreseeable future. For this reason, the Directors continue to adopt the going concern basis in preparing the financial statements.

Accounting Records

The Directors believe that they have complied with the requirements of Section 202 of the Companies Act, 1990 with regard to books of account by employing accounting personnel with appropriate expertise and by providing adequate resources to the financial function. The books of account of the Company are maintained at An Post National Lottery Company Headquarters, Lower Abbey Street, Dublin 1.

7. Auditor

KPMG, Chartered Accountants, continue in office in accordance with Section 160(2) of the Companies Act, 1963.

On behalf of the Board

Donal Connell,
Chairman

Dermot Griffin,
Chief Executive

22 February, 2011

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Coiste Ainmniúcháin

Toisc go bhfuil iomlán an údaráis a bhaineann le ceapadh Stiúrthóirí dílsithe san Aire Airgeadais ní gá don Bhord déileáil le coiste ainmniúcháin a bhunú.

Ráiteas Géilliúntais

D'fhorbair an Bord a pholasaí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt nuair is cuí do phríomhphrionsabail agus do phrionsabail thacaíochta ábhartha um dhea-rialachas atá sa Chomhchód a d'eisigh an Financial Reporting Council sa Ríocht Aontaithe.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chomhlíon an Comhlacht an Cód Sár-chleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit maille le príomhphrionsabail agus prionsabail thacaíochta ábhartha an Chomhchóid le linn na bliana airgeadais atá faoi chaibidil, ach amháin i gcás líon áirithe réimsí a luadh thuas nuair a measadh nach mbeadh comhlíonadh deonach an Chomhchóid riachtanach don Chomhlacht nuair chuirtear san áireamh an tslí ina cheaptar na Stiúrthóirí, struchtúr scairsheilbhe an Chomhlachta agus gnáthaimh reatha an Bhoird.

Gnóthas Leantach

D'athbhreithnigh na Stiúrthóirí plean gnó an Chomhlachta agus eolas ábhartha eile, ina measc an ceadúnas a thug an tAire Airgeadais don Chomhlacht chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil go dtí 31 Nollaig, 2011. Ar an mbonn sin, tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Comhlacht de bheith ag feidhmiú go ceann i bhfad. Ar an gcúis sin, leanann na Stiúrthóirí orthu de bheith ag ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbonn gur gnóthas leantach é an Comhlacht.

Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad riachtanais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 i dtaca leis na leabhair chuntasaíochta trí fhoireann cuntasaíochta, leis an saineolas cuí, a fhostú agus trí dhóthain acmhainní a chur ar fáil do na feidhmeanna cuntasaíochta. Coinnítear leabhair chuntas an Chomhlachta in Ardoifig Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

7. Iniúchóir

Leanann KPMG, Cuntasóirí Cairte, orthu in oifig faoi réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

Donal Connell,
Cathaoirleach

Dermot Griffin,
Príomhfheidhmeannach

22 Feabhra, 2011

Statement of Directors' Responsibilities

The Directors are responsible for preparing the Annual Report and financial statements in accordance with applicable law and regulations.

Company law requires the Directors to prepare financial statements for each financial year. Under that law, the Directors have elected to prepare the Company's financial statements in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, comprising applicable Irish law and the accounting standards issued by the UK Accounting Standards Board and promulgated by the Institute of Chartered Accountants in Ireland.

The Company's financial statements are required by law to give a true and fair view of the state of affairs of the Company and of the profit or loss of the Company for that period.

In preparing those financial statements, the Directors are required to:

- select suitable accounting policies and then apply them consistently;
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent; and
- prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that the Company will continue in business.

The Directors are responsible for keeping proper books of account which disclose with reasonable accuracy at any time, the financial position of the Company and to enable them to ensure that the financial statements comply with the Companies Acts, 1963 to 2009. They are also responsible for taking such steps as are reasonably open to them to safeguard the assets of the Company and to prevent and detect fraud and other irregularities.

The Directors are also responsible for preparing a Directors' Report that complies with the requirements of the Companies Acts 1963 to 2009.

The Directors are responsible for the maintenance and integrity of the corporate and financial information included on the Company's website. Legislation in the Republic of Ireland governing the preparation and dissemination of financial statements may differ from legislation in other jurisdictions.

On behalf of the Board

Donal Connell,
Chairman

Dermot Griffin,
Chief Executive

22 February, 2011

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú faoi réir dhlíthe agus rialacháin infheidhmithe.

Éilíonn dlí chuideachtaí go n-ullmhódh na Stiúrthóirí ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais. Shocraigh na Stiúrthóirí faoin dlí sin ráitis airgeadais a ullmhú a bheadh ag teacht leis na Cleachtais Chuntasaíochta, a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, a chuimsíonn dlí infheidhmthe na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta a d'eisigh an UK Accounting Standards Board agus a d'fhoilsigh Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilítear faoin dlí go dtabharfadh ráitis airgeadais an Chomhlachta tuairisc fíor agus cothrom ar staid chúrsaí an Chomhlachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Chomhlachta i rith na tréimhse sin.

Mar chuid de ullmhúcháin na ráiteas airgeadais seo, tá sé de dhualgas ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i gcrích go rialta;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin nuair atá sé neamhoiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Comhlacht ar aghaidh mar ghnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ag léiriú go réasúnta beacht ag am ar bith staid airgeadais an Chomhlachta agus a thabharfadh seans dóibh a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá siad freagrach i gcoitinne as pé céimeanna atá riachtanach a thógáil chun sócmhainní an Chomhlachta a chosaint agus chun aon chalaois nó aon mhírialtacht a stopadh agus a thabhairt faoi deara.

Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as Tuarascáil Stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009.

Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as cothabháil agus as sláine an eolais chorparáide agus airgeadais a chuimsítear ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta. Is féidir go bhfuil difríochtaí idir reachtaíocht Phoblacht na hÉireann maidir le réiteach agus le dáileadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

Donal Connell,
Cathaoirleach

Dermot Griffin,
Príomhfheidhmeannach

22 Feabhra, 2011

Report of the Independent Auditor

to the Members of An Post National Lottery Company

We have audited the financial statements of An Post National Lottery Company for the year ended 31 December, 2010 which comprise the Profit and Loss Account, the Balance Sheet, the Cash Flow Statement and the related notes. These financial statements have been prepared under the accounting policies set out therein.

This report is made solely to the Company's members, as a body, in accordance with Section 193 of the Companies Act, 1990. Our audit work has been undertaken so that we might state to the Company's members those matters we are required to state to them in an auditor's report and for no other purpose. To the fullest extent permitted by law, we do not accept or assume responsibility to anyone other than the Company and the Company's members as a body, for our audit work, for this report, or for the opinions we have formed.

Respective Responsibilities of Directors and Auditor

The Directors responsibilities for preparing the Annual Report and the financial statements in accordance with applicable law and the accounting standards issued by the Accounting Standards Board and promulgated by the Institute of Chartered Accountants in Ireland (Generally Accepted Accounting Practice in Ireland), are set out in the Statement of Directors' responsibilities.

Our responsibility is to audit the financial statements in accordance with relevant legal and regulatory requirements and International Standards on Auditing (UK and Ireland).

We report to you our opinion as to whether the financial statements give a true and fair view in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland and are properly prepared in accordance with the Companies Acts, 1963 to 2009. We also report to you whether in our opinion: proper books of account have been kept by the Company; whether at the balance sheet date, there exists a financial situation requiring the convening of an extraordinary general meeting of the Company; and whether the information given in the Directors' Report is consistent with the financial statements. In addition, we state whether we have obtained all the information and explanations necessary for the purposes of our audit, and whether the financial statements are in agreement with the books of account.

We also report to you if, in our opinion, information specified by law regarding Directors' remuneration and transactions with the Company is not disclosed.

We read the Directors' Report and consider the implications for our report if we become aware of any apparent misstatements within it.

We review, at the request of the Directors, whether (1) the voluntary statement on pages 37 to 44 reflects the Company's compliance with the nine provisions of the 2009 FRC Combined Code that the Listing Rules of the Irish Stock Exchange specifies for review by Auditors, and (2) the statement on the system of internal control on pages 40 and 41 reflects the Company's compliance with the provision of the Code of Best Practice for the Governance of State Bodies that is specified for review by Auditors and we report if those statements do not. We are not required to consider whether the Board's statements on internal control cover all risks and controls, or form an opinion on the effectiveness of the Company's corporate governance procedures or its risk and control procedures.

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

do Bhaill Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2010 ar a n-áirítear an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

Is do chomhaltaí an Chomhlachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, a dhéantar an tuarascáil seo. Chuamar i mbun na hoibre iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí an Chomhlachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóirí agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dúinn de réir dlí ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid chugainn féin freagracht do dhuine ar bith seachas don Chomhlacht agus do chomhaltaí an Chomhlachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí a dtángamar orthu.

Freagrachtaí Stiúrthóirí agus Iniúchóra faoi seach

Tá freagrachtaí na Stiúrthóirí as ullmhú na Tuarascála Bliantúla agus na ráiteas airgeadais de réir dhlíthe infheidhmithe agus na gcleachtas cuntasaíochta, ar a n áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an Auditing Practices Board agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn leagtha amach sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an dualgas s'againne na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir na riachtanas dlíthiúla agus rialaitheacha gaolmhara agus na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaimid tuairisc ar ár dtuairim daoibh faoi fhírinne agus faoi chothromas an léargais a thugann na ráitis airgeadais, faoi réir Chleachtais Chuntasaíochta, a bhfuil gnáth ghlacadh leo in Éirinn agus cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tuairiscímid daoibh freisin ár dtuairim faoi na hábhair seo a leanas: cé acu ar choinnigh nó nár choinnigh an comhlacht leabhair chuntais cearta; an bhfuil nó nach bhfuil staid airgeadais ann ar dháta an chlár comhardaithe a fhéadfadh dualgas a leagan ar an gcomhlacht cruinniú ginearálta urghnách a thionól; agus an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Thairis sin, deirimid cé acu an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an t eolas agus na mínithe riachtanacha uile chun críche ár n iniúchta agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tugaimid tuairisc daoibh freisin más í ár dtuairim í nach bhfuil eolas a éilítear de réir dlí maidir le híocaíocht agus le bearta na Stiúrthóirí leis an gComhlacht tugtha.

Léimid Tuarascáil na Stiúrthóirí agus cuirimid ar an meá na himpleachtaí dár dtuarascáil má mheasaimid cuma mhíchruinn a bheith ar aon ráiteas inti.

Athbhreithnímid, ar iarratas na Stiúrthóirí, cé acu an sásaíonn nó nach sásaíonn (1) an ráiteas deonach ar leathanaigh 37 go 44 géilliúlacht an Chomhlachta i leith na naoi gcoinníoll de Chomhchód 2009 FRC a leagann Rialacha Liostála Stocmhalartán na hÉireann amach d'Iniúchóirí agus iad i mbun athbhreithnithe agus (2) an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ar leathanaigh 40 agus 41 géilliúlacht an Chomhlachta i leith an Chód Sárcleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit atá luaite chun athbhreithnithe ag Iniúchóirí agus tuairiscímid é mura sásaíonn na ráitis seo iad. Níl dualgas orainn a mheas cé acu an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn ráitis an Bhoird ar rialú inmheánach na rioscaí agus na rialaithe uile ná teacht ar thuairim faoi éifeacht ghnáthaimh an Chomhlachta um rialachas inmheánach ná a ghnáthaimh um rioscaí agus rialaithe.

Report of the Independent Auditor

to the Members of An Post National Lottery Company

We read the other information contained in the Annual Report, including the corporate governance statement, and consider whether it is consistent with the audited financial statements. This information comprises only the Directors' Report, the Chairman's Statement and the Review of Operations. We consider the implications for our report if we become aware of any apparent misstatements or material inconsistencies with the financial statements. Our responsibilities do not extend to any other information.

Basis of Audit Opinion

We conducted our audit in accordance with International Standards on Auditing (UK and Ireland) issued by the Auditing Practices Board. An audit includes examination, on a test basis, of evidence relevant to the amounts and disclosures in the financial statements. It also includes an assessment of the significant estimates and judgements made by the Directors in the preparation of the financial statements and of whether the accounting policies are appropriate to the Company's circumstances, consistently applied and adequately disclosed.

We planned and performed our audit so as to obtain all the information and explanations which we considered necessary in order to provide us with sufficient evidence to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or other irregularity or error. In forming our opinion, we also evaluated the overall adequacy of the presentation of information in the financial statements.

Opinion

In our opinion, the financial statements:

- give a true and fair view, in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, of the state of affairs of the Company as at 31 December, 2010 and of its surplus for the year then ended; and
- have been properly prepared in accordance with the Companies Acts, 1963 to 2009.

We have obtained all the information and explanations we considered necessary for the purposes of our audit. In our opinion, proper books of account have been kept by the Company. The financial statements are in agreement with the books of account.

In our opinion, the information given in the Report of the Directors on pages 36 to 44 is consistent with the financial statements.

The net assets of the Company, as stated in the balance sheet on page 51, are more than half of the amount of its called up share capital and, in our opinion, on that basis there did not exist at 31 December, 2010 a financial situation which, under Section 40(1) of the Companies (Amendment) Act, 1983, would require the convening of an extraordinary general meeting of the Company.

KPMG

Chartered Accountants
Registered Auditor
1 Stokes Place, St Stephen's Green, Dublin 2

22 February, 2011

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

do Bhaill Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, an ráiteas ar rialachas corparáideach san áireamh, agus féachaimid cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Ní áirítear anseo ach Tuarascáil na Stiúrthóirí, Ráiteas an Chathaoirligh agus an tAthbhreithniú Oibriúcháin. Cuirimid san áireamh na himpleachtaí dár dtuairisc má thagaimid ar aon ráiteas, a bhfuil cuma mhíchruinn air, nó ar aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha leis na ráitis airgeadais. Ní bhaineann ár bhfreagrachtaí le haon eolas eile.

Bunús Thuairim an Iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna eisiúint ag an Auditing Practices Board. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breitheanna a thug na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n ullmhú acu, mar aon le measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta do chúinsí an Chomhlachta, agus ar cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dúinn le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim rinneamar meastóireacht freisin ar dhóthanacht iomlán na slite inar léiríodh an fhaisnéis sna ráitis airgeadais.

An Tuairim

Is í ár dtuairim í maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí an Chomhlachta, faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta, a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, mar a bhí ar an 31 Nollaig, 2010 agus ar a bharrachas don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar ba ghá i gcomhair ár n iniúchta. Is é ár dtuairim gur choimeád an Comhlacht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is í ár dtuairim í go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 36 go 44 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní an Chomhlachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach 51, comhionann le méid is mó ná leath a scairchaipitil ghlaoite agus is é ár dtuairim ar an mbonn sin, nach raibh ar 31 Nollaig, 2010 staid airgeadais ann a bheadh ina cúis le cruinniú ginearálta urghnách den Chomhlacht a thionól faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

KPMG

Cuntasóirí Cairte
Iniúchóir Cláraithe
1 Plás Stokes, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

22 Feabhra, 2011

Accounting Policies

The following accounting policies have been applied consistently in dealing with items which are considered material in relation to the Company's financial statements.

1. Basis of Accounting

The financial statements are prepared under the historical cost convention in accordance with applicable law and Irish Generally Accepted Accounting Practice which includes compliance with the financial reporting standards of the UK Accounting Standards Board as promulgated by The Institute of Chartered Accountants in Ireland.

2. Turnover

Turnover from the sale of National Lottery tickets is recognised as the tickets are sold, with adjustments being made for scratch card ticket stocks held by agents and for multi draw tickets/advance tickets.

All turnover is derived from and originates in Ireland.

3. Prizes

The prize structure complies with the requirements of Section 4(2) of the National Lottery Act, 1986 whereby, taking one year with another, not less than 40% of the total monies received by the Company in respect of the sale of National Lottery tickets shall be distributed in prizes. Prizes are provided for as revenue is recognised on the basis of the game's particular prize structure. Any difference between the total amount provided and the amounts actually distributed is included in Creditors in the balance sheet.

4. Advertising and Promotional Expenditure

Advertising and promotional expenditure is written off in full in the year in which the costs are incurred.

5. Leased Assets – Operating

Operating lease rentals are charged to the Profit and Loss Account on a straight line basis over the lease term.

6. Taxation

The Company is exempt from Corporation Tax under Section 220 Taxes Consolidation Act, 1997.

7. Fixed Assets – Tangible Assets

Tangible assets are shown as having no book value, as the total cost thereof to the Company is reimbursed out of the National Lottery Fund.

Accordingly, no depreciation is provided.

Under Section 17(1) (a) of the National Lottery Act, 1986, the Company holds these assets in trust for the State.

Polasaithe Cuntasaíochta

Cuireadh i bhfeidhm go rialta na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i gcás míreanna a measadh a bheith ábhartha i gcomhthéacs ráitis airgeadais an Chomhlachta.

1. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir dlíthe oiriúnacha na hÉireann agus na gCleachtas Cuntasaíochta, a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a áirítear cloí leis na caighdeáin a d'eisigh an UK Accounting Standards Board ar thuairisciú airgeadais agus a d'fhoilsigh Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

2. Láimhdeachas

Aithnítear an láimhdeachas ó dhíolachán thicéid an Chrannchuir Náisiúnta de réir mar a dhíoltar na ticéid agus déantar coigeartuithe don stoc ticéad scríobchártaí a choinníonn na gníomhairí agus do thicéid/réamh-thicéid- ilchrannchuir.

As Éirinn a thagann agus is in Éirinn a fhaightear an láimhdeachas uile.

3. Duaiseanna

Tá an duais-struchtúr ag teacht le forálacha Alt 4(2) den Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986. Faoi na forálacha seo, agus bliain amháin á ghlacadh le bliain eile, dáilfear mar dhuaiseanna suim nach lú ná 40% den airgead iomlán a fuair an Comhlacht mar thoradh ar dhíolachán thicéid an Chrannchuir Náisiúnta. Déantar soláthar do na duaiseanna de réir mar a aithnítear an t-ioncam ar bhonn cibé struchtúr duaise a bhíonn ag cluiche ar leith. Léirítear i measc na gCreidiúnaithe ar an gClár Comhardaithe cibé difríocht a bhíonn idir an tsuim iomlán a sholáthraítear agus na suimeanna a dháiltear.

4. Caiteachas ar Fhógraíocht is ar Chur Chun Cinn

Díscríobhtar iomlán an chaiteachais ar fhógraíocht is ar chur chun cinn sa bhliain ina tharraingítear na costais.

5. Sócmhainní ar léasanna oibriúcháin

Gearrtar costas chíosanna ar léasanna oibriúcháin ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais ar bhonn mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

6. Cánachas

Tá díolúine ag an gComhlacht ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

7. Sócmhainní Seasta – Sócmhainní Inláimhsithe

